GA 2025

06

Tuarascáil speisialta

# Gníomhaíocht an Aontais chun dul i ngleic le truailliú na farraige ag longa

## Nílimid tagtha slán as na huiscí suaite fós

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Clár


| | Alt |
|---|---|
| **Achoimre feidhmiúcháin** | I-VII |
| **Réamhrá** | 01-13 |
| Truailliú a thagann ó longa i bhfarraigí an Aontais | 01-05 |
| Creat dlíthiúil | 06-09 |
| Róil agus freagrachtaí | 10-13 |
| **Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta** | 14-17 |
| **Barúlacha** | 18-92 |
| Tá feabhas ag teacht ar na rialacha Eorpacha a bhíonn ag déileáil le truailliú a thagann ó longa | 18-40 |
| Tá rialacha IMO tugtha isteach i reachtaíocht an Aontais | 19-21 |
| Tá an Coimisiún féin ag líonadh na mbearnaí i dtaobh rioscaí de thruailliú ó longa | 22-40 |
| Tá laigí i gcur chun feidhme agus forfheidhmiú rialacha an Aontais a thugann aghaidh ar thruailliú a thagann ó longa | 41-73 |
| Tá teorainneacha áirithe ag gabháil le huirlisí agus seirbhísí muirí EMSA, agus níor bhain na Ballstáit a ndóthain úsáid astu | 42-51 |
| Níl na seiceálacha agus cigireachtaí ar longa leordhóthanach, agus tá éagsúlacht ar fud an Aontais sna pionóis a ghearrtar ar scaoileadh amach san fharraige go mídhleathach | 52-63 |
| Níl cur chun feidhme reachtaíocht AE maidir le trealamh iascaireachta críochnaithe fós ar an leibhéal náisiúnta | 64-70 |
| Chuir cistí ón Aontas tacaíocht ar fáil do thionscadail ábhartha, ach bhí deacrachtaí ag baint leis na torthaí a uas-scálú | 71-73 |
| Tá teorainneacha ag gabháil le creat an Aontais chun faireachán a dhéanamh ar thruailliú a thagann ó longa | 74-92 |
| Is beag faisnéis atá ann faoi éilliú an tsáile agus faoi bhruscar mara ó longa | 76-80 |
| Rinne modheolaíocht agus tairseacha neamh-inchomparáide agus neamhiomlán difear don fhaireachán agus don tuairisciú | 81-86 |
| Bearnaí agus neamhréireachtaí sna huirlisí le haghaidh tuairisciú | 87-92 |

## Conclúidí agus moltaí 93-98

## Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Tuarascálacha na Cúirte Iniúchóirí ar thruailliú a thagann ón talamh

Iarscríbhinn II – An phríomhreachtaíocht idirnáisiúnta a thugann aghaidh ar thruailliú a thagann ó longa

Iarscríbhinn III – An phríomhreachtaíocht Eorpach a thugann aghaidh ar thruailliú a thagann ó longa

Iarscríbhinn IV – Sásraí comhair iltaobhacha

Iarscríbhinn V – Mar atá formhór choinbhinsiúin agus phrótacail ábhartha IMO a thugann aghaidh ar thruailliú a thagann ó longa daingnithe ag Ballstáit an Aontais, mar aon leis na figiúirí iomlána

Iarscríbhinn VI – Tionscadail a roghnaíodh sna Ballstáit ar thugamar cuairt orthu

## Acrainmneacha agus giorrúcháin

## Freagraí ón gCoimisiún

## Amlíne

## An fhoireann iniúchóireachta

# Achoimre feidhmiúcháin

I Tá éiceachóras muirí folláin ríthábhachtach don bhithéagsúlacht, do stoic éisc agus chun astaíochtaí $CO_2$ a ionsú. Fadhb mhór i gcónaí d'uiscí mara an Aontais Eorpaigh is ea an truailliú ar muir a thagann ó ghníomhaíochtaí an duine. San 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil de chuid an Aontais, a tháinig i bhfeidhm in 2022, leagadh síos uaillmhian maidir le truailliú nialasach le haghaidh uisce agus go mbeadh sé sin bainte amach faoi 2030.

II Tá an tuarascáil seo ag díriú isteach ar thruailliú a thagann ó longa, arb é sin ceann de na príomhfhoinsí atá ag rannchuidiú le truailliú an tsáile. Ar an leibhéal domhanda, tá coinbhinsiúin maidir le sábháilteacht long agus chun truailliú a chosc forbartha ag na Náisiúin Aontaithe, tríd an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta. Tá rialacha glactha ag an Aontas Eorpach chun na cuspóirí céanna sin a bhaint amach. I rith 2014-2023, chuir sé €216 mhilliún de mhaoiniú ar fáil le haghaidh tionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo dul i ngleic le truailliú a thagann ó longa. Bhain na tionscadail sin go príomha le feabhas a chur ar shaoráidí sna calafoirt a thógann isteach dramhaíl, ach bhain cuid acu freisin le líonta iascaireachta a bhailiú agus le taighde.

III Rinneamar an t-iniúchadh seo mar gheall ar an spéis atá ag an bpobal agus ag geallsealbhóirí sa truailliú i bhfarraige an Aontais, agus é mar aidhm againn rannchuidiú leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Creat um Straitéis Mhuirí a bhfuiltear ag dréim leis agus freisin rannchuidiú le feabhsúcháin i seiceálacha agus sonraí a bhaineann le truailliú muirí san Aontas Eorpach. I gcás gníomhaíochtaí an Aontais chun dul i ngleic le truailliú a thagann ó longa, scrúdaíomar an raibh siad deartha go maith, an ndearnadh iad a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, agus an raibh faireachán á dhéanamh orthu. Chlúdaigh ár n-iniúchadh an tréimhse ó Eanáir 2014 go dtí Meán Fómhair 2024.

IV Ar an iomlán, táimid tagtha ar an gconclúid go raibh feabhas ag teacht ar na rialacha Eorpacha a thugann aghaidh ar thruailliú a thagann ó longa, ach go raibh laigí sa chur chun feidhme agus san fhorfheidhmiú agus nach raibh na sonraí leormhaith chun torthaí a thomhas.

**V** Fuaireamar go bhfuil rialacha idirnáisiúnta tugtha isteach i reachtaíocht an Aontais agus go bhfuil an Coimisiún i mbun gnímh chun na bearnaí maidir le rioscaí go dtarlódh truailliú a líonadh. Chuir an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí uirlisí fóinteacha ar fáil do na Ballstáit chun dul i ngleic le truailliú a thagann ó longa, ach níor bhain na Ballstáit lánúsáid as na huirlisí sin. Chomh maith leis sin, tugann ár n-anailís le tuiscint go bhfuil easnaimh fós i gcur chun feidhme agus forfheidhmiú na rialacha Eorpacha maidir le truailliú ó longa a rialú agus a chosc. Ba mhinic nár chomhlíon na Ballstáit na spriocrátaí éigeantacha atá leagtha síos dóibh ó thaobh cigireachtaí a dhéanamh ar longa. Á dtógáil sin le chéile, cuireann na laigí sin bac ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar thruailliú.

**VI** Ní raibh an Coimisiún ná na Ballstáit ar thugamar cuairt orthu in ann a thaispeáint go lánchruinn cad iad na cistí Eorpacha a bhí in úsáid chun dul i ngleic le truailliú an tsáile. Ní raibh forléargas acu ar na torthaí a bhí bainte amach ná ar an gcaoi a bhféadfaí iad sin a úsáid ar scála níos mó. Ag an am céanna, léirigh ár n-iniúchadh go bhfuil teorainneacha ag gabháil le creat um straitéis mhuirí an Aontais ó thaobh faireachán a dhéanamh ar thruailliú a thagann ó longa, go háirithe ó thaobh éilliú agus bruscar mara a nascadh leis an bhfoinse.

**VII** Molaimid gur cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- feabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéantar ar uirlisí foláirimh truaillithe, agus ar a éifeachtaí atá na huirlisí sin;
- an faireachán ar sheiceálacha éigeantacha na mBallstát a neartú;
- obair leantach ar fhadhbanna san uas-scálú ar thionscadail atá cistithe ag an Aontas;
- feabhas a chur ar an tuairisciú agus ar an bhfaireachán a dhéantar ar stádas comhshaoil na n-uiscí mara.

# Réamhrá


## Truailliú a thagann ó longa i bhfarraigí an Aontais

**01** Tá éiceachóras muirí folláin ríthábhachtach don bhithéagsúlacht, do stoic éisc agus chun astaíochtaí $CO_2$ a ionsú. Fadhb mhór i gcónaí d'uiscí mara an Aontais Eorpaigh is ea an truailliú ar muir a thagann ó ghníomhaíocht an duine.

**02** In 2008, ghlac an tAontas Eorpach an Treoir maidir le Creat um Straitéis Mhuirí (TCSM) agus é mar aidhm leis an treoir sin 'dea-stádas comhshaoil' i bhfarraigí an Aontais a bhaint amach nó a choimeád faoi 2020. San 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil de chuid an Aontais, a tháinig i bhfeidhm in 2022, leagadh síos uaillmhian maidir le truailliú nialasach le haghaidh uisce agus go mbeadh sé sin bainte amach faoi 2030. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá an tAontas Eorpach tiomanta do Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14.1 na Náisiún Aontaithe, a bhfuil sé mar aidhm ag an sprioc sin truailliú muirí den uile chineál a chosc agus a laghdú go suntasach faoi 2025.


**03** Déanann an tAontas Eorpach faireachán ar cháilíocht an tsáile trí mheasúnú a dhéanamh ar an riocht ina bhfuil an comhshaol muirí trí úsáid a bhaint as 11 tháscaire (i.e. 'tuairisceoirí' TCSM). I dtuarascáil a foilsíodh in 2019, fuair an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) gur 'limistéir le fadhbanna' a bhí in 80 % d'uiscí sáile an Aontais Eorpaigh ó thaobh éilleán de, féach ***Fíor 1***, agus go raibh thart ar 75 % díobh truaillithe le bruscar mara, mar a thaispeántar i ***bhFíor 2***. Tá roinnt tuarascálacha foilsithe againn ar an truailliú a thagann ón talamh (féach ***Iarscríbhinn I***). Tá an tuarascáil seo ag díriú isteach ar thruailliú a thagann ó longa.

## Fíor 1 – Éilliú fharraigí na hEorpa




© EEA, Éilliú fharraigí na hEorpa, arna fhoilsiú in 2019 ag úsáid sonraí go príomha ó 2008 go 2017, ach ag úsáid sonraí níos sine freisin a rinneamar a rochtain an 21 Samhain 2024. (Léarscáil modhnaithe ag CIE.)

## Fíor 2 – Bruscar mara san Eoraip





© EEA, Measúnú ar bhruscar mara i ngach ceann de na ceithre fharraige réigiúnacha, 2010-2021, arna fhoilsiú in 2023 agus arna rochtain an 21 Samhain 2024. (Léarscáil modhnaithe ag CIE.)

**04** Is foinsí suntasacha de thruailliú mara iad longa ar nós soithí lastais, longa crúsála, báid farantóireachta paisinéirí, soithí iascaireachta, árthaí áineasa agus longa eile nach iad. Mar a thaispeántar i ***bhFíor 3***, rannchuidíonn longa le bruscar mara, lena n-áirítear dramhaíl phlaisteach agus trealamh iascaireachta atá tréigthe, caillte nó caite amach san fharraige. Is féidir leo freisin na farraigí a thruailliú le héilleáin cosúil le hola, comhdhúile orgánacha, trom-mhiotail agus substaintí guaiseacha a thagann ó fhoinsí amhail:

- doirteadh de thimpiste, nó scaoileadh amach san fharraige le linn oibríochtaí (e.g. as rumaí, as feadáin speire agus ó ghlanadh umar);
- camras agus uisce 'liath' (ó dhoirtil, cithfholcthaí agus meaisíní níocháin) a scaoileadh amach san fharraige;
- sceitheadh comhdhúl tocsaineach ó phéinteanna frithscreamha (brat a chuirtear ar chabhail loinge ionas nach mbeidh orgánaigh mhuirí ag greamú di);
- substaintí díobhálacha á bheith á scaoileadh amach san fharraige nuair a bhíonn longa á ndíchóimeáil, nuair a chailltear coimeádáin lastais, mar gheall ar árthaí raice agus ó mhuinisin fo-thoinn;
- uisce truaillithe agus iarmhair ó 'sciúrthóirí' (córais ghlantacháin gáis sceite) a bheith á scaoileadh amach san fharraige.

## Fíor 3 – Fochórais ar longa atá ina gcúis le truailliú muirí




*Foinse:* CIE.

**05** Tugann an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, a bhfuil cósta ag 22 díobh, aghaidh ar thruailliú a thagann ó longa ar roinnt bealaí éagsúla:

- cloí le rialacha idirnáisiúnta, agus reachtaíocht AE agus náisiúnta a ghlacadh;
- faireachán agus tuairisciú ar scaoileadh go mídhleathach amach san fharraige;
- cigireacht a dhéanamh ar longa lena chinntiú go bhfuil na rialacháin á gcomhlíonadh acu agus pionóis a fhorchur as aon neamh-chomhlíonadh;
- tionscadail atá cistithe ag an Aontas a bhfuil sé mar aidhm leo feabhas a chur ar cháilíocht an tsáile;
- measúnú a dhéanamh ar an stádas comhshaoil atá ag uiscí muirí agus torthaí a thuairisciú go rialta.

## Creat dlíthiúil

**06** I gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, leagtar amach an creat dlíthiúil le haghaidh na ngníomhaíochtaí go léir a dhéantar i bhfarraigí agus in aigéin. Áiríonn sé sin cosc, laghdú agus rialú a dhéanamh ar thruailliú na muirthimpeallachta ó aon fhoinse, lena n-áirítear soithí.

**07** Is í an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) an ghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe ar a bhfuil cúram as sábháilteacht agus slándáil na loingseoireachta agus as truailliú muirí agus atmaisféarach ag longa a chosc. Sa ról sin, rinne IMO an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL) a chur le chéile. In iarscríbhinní ar leithligh, tá rialacha i gCoinbhinsiún MARPOL lena dhéanamh amach cad iad cineál agus cainníocht na dtruailleán a cheadaítear do longa a ligean amach san fharraige, agus leagtar amach sa Choinbhinsiún sin cad atá i gceist le scaoileadh amach san fharraige go mídhleathach. Tá coinbhinsiúin eile ann de chuid IMO a théann i ngleic le truailliú a thagann ó longa, ar nós dumpáil dramhaíola san fharraige (lena n-áirítear muinisin), péinteanna frithscreamha, árthaí raice agus athchúrsáil long (féach ***Iarscríbhinn II***).

**08** Tá reachtaíocht AE ann a bhfuil sé mar aidhm aici an mhuirthimpeallacht a chosaint ar thruailliú a thagann ó longa. Tá roinnt treoracha agus rialacháin sa reachtaíocht sin (féach ***Iarscríbhinn III***). Seo iad na trí phríomhthreoir:

- Treoir 2005/35/CE maidir le Truailliú ó Longa (TL), a chuireann de cheangal ar na Ballstáit bearta forfheidhmiúcháin agus pionóis in aghaidh truailleáin a scaoileadh go mídhleathach amach san fharraige a shainiú.
- Treoir 2009/16/CE maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt (RSC), ina leagtar síos critéir choiteanna le haghaidh rialú ar longa ag stát an chalafoirt agus ina leagtar síos nósanna imeachta comhchuibhithe maidir le cigireacht agus coinneáil;
- Treoir (AE) 2019/883 maidir le saoráidí glactha calafoirt (SGC), ina gcuirtear de cheangal ar Bhallstáit saoráidí a bhunú ag calafoirt ina nglactar isteach le cineálacha éagsúla dramhaíola a bhíonn á nginiúint ag longa, lena gcinntítear go mbíonn cigireachtaí le déanamh ar longa agus lena socraítear pionóis sa chás go dtarlaíonn sárú ar na rialacha.

**09** I Meitheamh 2023, thíolaic an Coimisiún an pacáiste sábháilteachta muirí, lena n-áirítear tograí reachtacha chun Treoracha TL agus RSC a leasú. I Samhain 2024, ghlac an Chomhairle dhá threoir leasaithe.

## Róil agus freagrachtaí


**10** Is ar an gCoimisiún Eorpach atá an fhreagracht as an gcreat dlíthiúil Eorpach a fhorbairt, as faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chreata sin ar an leibhéal náisiúnta, as maoirseacht a dhéanamh ar thionscadail atá cistithe ag an Aontas faoi bhainistíocht dhíreach nó chomhroinnte leis na Ballstáit agus as bailiú sonraí comhchuibhithe maidir le truailliú muirí a chur chun cinn. Bíonn lámh ag roinnt ardstiúrthóireachtaí sa Choimisiún i mbeartais agus bearta a bhaineann le truailliú a thagann ó longa, lena n-áirítear Ardstiúrthóireacht an Chomhshaoil, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta agus an Ard-Stiúrthóireacht um Chosaint Shibhialta Eorpach agus Oibríochtaí um Chabhair Dhaonnúil.

**11** Tá trí ghníomhaireacht Eorpach freisin ann a rannchuidíonn leis an gcomhrac in aghaidh truailliú a thagann ó longa.

- Tugann an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí cúnamh don Choimisiún i gcur chun feidhme na reachtaíochta Eorpaí maidir le sábháilteacht mhuirí agus maidir le truailliú a thagann ó longa a chosc. Chomh maith leis sin, tugann sí tacaíocht theicniúil agus oibríochtúil, ar nós córais faireachais shatailítbhunaithe (CleanSeaNet), do na Ballstáit chun aon truailliú a d'fhéadfadh a bheith ag teacht ó longa a shainaithint.
- Déanann an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach comhordú ar chuid áirithe den rialú agus cigireacht a dhéanann na Ballstáit ar shoithí iascaigh, lena n-áirítear an oibleagáid atá ar mháistrí loinge aon trealamh iascaireachta atá caillte acu a thógáil ar ais as an bhfarraige.
- Bailíonn an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil sonraí mara agus eisíonn sé measúnuithe téamacha maidir le truailliú fharraigí an Aontais Eorpaigh.

**12** Is ar na Ballstáit atá an fhreagracht as reachtaíocht an Aontais agus coinbhinsiúin IMO a bhfuil siad ina bpáirtithe conarthacha iontu a chur chun feidhme. Bíonn orthu treoracha an Aontais a thrasuí, tuairisciú don Choimisiún ar chur chun feidhme agus forfheidhmiú na dtreoracha sin agus measúnú a dhéanamh ar na torthaí atá bainte amach. Feidhmíonn na Ballstáit a ndlínse ina bhfarraige theorann féin agus sa limistéar eacnamaíoch eisiach atá acu, faoi mar a thaispeántar i ***bhFíor 4***.

## Fíor 4 – Criosanna mara




*Foinse:* CIE.

**13** Tá sásraí comhair iltaobhacha chun dul i ngleic le truailliú a thagann ó longa bunaithe idir Ballstáit den Aontas agus tíortha lasmuigh den Aontas. Ina measc sin, tá coinbhinsiúin farraige agus comhaontuithe iltaobhacha agus taispeántar iad sin go léir in ***Iarscríbhinn IV***. Is páirtí conarthach é an tAontas Eorpach i bhformhór na gcoinbhinsiún agus na gcomhaontuithe sin.

# Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta

**14** Ba é an cuspóir iniúchóireachta a bhí againn ná measúnú a dhéanamh féachaint an raibh gníomhaíochtaí an Aontais a théann i ngleic le truailliú a thagann ó longa deartha go maith, curtha chun feidhme, forfheidhmithe agus an ndearnadh faireachán maith orthu. Rinneamar scrúdú féachaint:

- ar tugadh rialacha IMO isteach i reachtaíocht an Aontais agus an raibh an Coimisiún i mbun gnímh chun na bearnaí maidir le rioscaí de thruailliú a líonadh;
- an ndearna an Coimisiún agus na Ballstáit beartais agus bearta éifeachtacha a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú;
- an ndearna an Coimisiún agus na Ballstáit faireachán ar na torthaí a bhí bainte amach.

**15** Rinneamar an t-iniúchadh seo mar gheall ar an spéis atá ag an bpobal agus ag geallsealbhóirí sa truailliú i bhfarraige an Aontais, agus é mar aidhm againn rannchuidiú leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Creat um Straitéis Mhuirí a bhfuiltear ag dréim leis agus freisin rannchuidiú le feabhsúcháin i seiceálacha agus sonraí a bhaineann le truailliú muirí san Aontas Eorpach.

**16** Rinneamar athbhreithniú ar rialacha, ar bheartais, ar chistiú, ar shonraí agus ar an tuairisciú a rinne an Coimisiún agus na Ballstáit i dtaca le truailliú ó longa. Scrúdaíomar freisin ceithre thionscadal atá ag dul i ngleic le truailliú ó longa (féach ***Fíor 5***). Chlúdaigh ár n-iniúchadh an tréimhse ó Eanáir 2014 go dtí Meán Fómhair 2024.

## Fíor 5 – Ár gcur chuige iniúchóireachta: obair a rinneadh

- Léirbhreithniú ar shonraí agus doiciméid ábhartha, lena n-áirítear doiciméid eolaíocha, straitéiseacha, reachtacha, beartais agus tionscadail
- Agallaimh le daoine den fhoireann i sé ardstiúrthóireacht sa Choimisiún
- Agallaimh i ngníomhaireachtaí ábhartha AE: an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol
- Agallaimh le daoine den fhoireann sna húdarás náisiúnta ábhartha agus le geallsealbhóirí sna Ballstáit roghnaithe
- Anailís ar cheithre thionscadal atá ag dul i ngleic le truailliú ó longa sna Ballstáit roghnaithe, trí athbhreithniú deisce agus cuairteanna ar an láthair
- Agallaimh le daoine den fhoireann in OSPAR agus HELCOM

[1] Oibríochtaí Eorpacha um Chabhair Dhaonnúil agus um Chosaint Shibhialta, an Comhshaol, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, Gnóthaí Muirí agus Iascach, Soghluaisteacht agus Iompar, an Beartas Réigiúnach agus Uirbeach.

*Foinse:* CIE.

**17** Chinneamar cuairt a thabhairt ar an bhFrainc agus ar an nGearmáin ionas go bhféadfaimis na nithe seo a leanas a chlúdach:

- dhá fhoréigiún mara (Mór-Imchuach na Mara Thuaidh agus Muir Bhailt) lena n-áirítear an Raon Thuaidh, arb é sin an dara lána loingseoireachta is gnóthaí ar domhan agus ar limistéar le fadhbanna é a mhéid a bhaineann leis an méid truaillithe atá ann, le bruscar muirí agus le caillteanas coimeádán.
- gach uile chineál soithigh ábhartha;
- péire de na calafoirt Eorpacha is gnóthaí bunaithe ar an ollmheáchan earraí agus ar an líon coimeádán a láimhseáiltear (Hamburg agus Le Havre); agus
- dhá choinbhinsiún farraige réigiúnacha (an Coinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh (OSPAR) agus an Coimisiún chun Muirthimpeallacht Mhuir Bhailt a Chosaint (HELCOM)).

# Barúlacha

## Tá feabhas ag teacht ar na rialacha Eorpacha a bhíonn ag déileáil le truailliú a thagann ó longa

**18** Scrúdaíomar creat dlíthiúil reatha an Aontais maidir le sábháilteacht mhuirí chun measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil rialacha comhleanúnacha ann chun cabhrú le dul i ngleic le truailliú a thagann ó longa. Rinneamar measúnú féachaint an bhfuil an méid seo a leanas déanta ag an gCoimisiún:

- a chinntiú go bhfuil rialacha ábhartha IMO tugtha isteach i gcreat dlíthiúil an Aontais;
- go ndearna an Coimisiún féin beart chun aon bhearnaí i dtaobh rioscaí de thruailliú ó longa a líonadh.

### Tá rialacha IMO tugtha isteach i reachtaíocht an Aontais

**19** Tugann coinbhinsiúin IMO cuntas ar na rialacha idirnáisiúnta atá ann maidir le truailliú muirí a thagann ó longa. Is comhaltaí de IMO agus páirtithe in MARPOL (mír ***07***) iad Ballstáit uile an Aontais, ach tá cuid de na Ballstáit sin nach bhfuil gach ceann de choinbhinsiúin ábhartha IMO daingnithe go fóill acu (féach ***Iarscríbhinn V***).

**20** Tá rialacha IMO tugtha isteach i reachtaíocht an Aontais, faoi mar a thaispeántar i ***bhFíor 6***. Rannchuidíonn sé sin le forfheidhmiú cuí na rialacha sin, gan beann ar Bhallstáit a bheith ina bpáirtithe i gcoinbhinsiúin IMO nó gan bheith.

## Fíor 6 – Tá rialacha IMO tugtha isteach i reachtaíocht an Aontais

| Rialacha IMO<br>★ Glacadh (bliain) ✓ Teacht i bhfeidhm (bliain)<br>Truailliú a thagann ó longa clúdaithe | Reachtaíocht AE i bhfeidhm | Athruithe a tugadh isteach in 2024 sa phacáiste sábháilteachta muirí |
|---|---|---|
| **MARPOL – Iarscríbhinn I**<br>★ 1973 ✓ 1983<br>Ola | Treoracha SGC/RSC/TL | Treoir TL |
| **MARPOL – Iarscríbhinn II**<br>★ 1973 ✓ 1987<br>Substaintí leachtacha urchóideacha (HNS) | Treoracha SGC/RSC/TL | Treoir TL |
| **MARPOL – Iarscríbhinn V**<br>★ 1973 ✓ 1988<br>Dramhaíl, lena n-áirítear trealamh iascaireachta | Treoracha SGC/RSC | Treoir TL |
| **MARPOL – Iarscríbhinn III**<br>★ 1973 ✓ 1992<br>Substaintí dochracha | Treoir RSC | Treoir TL |
| **MARPOL – Iarscríbhinn IV**<br>★ 1973 ✓ 2003<br>Camras | Treoracha SGC/RSC | Treoir TL |
| **An Coinbhinsiún um Shábháilteacht Anama ar Muir**<br>★ 1974 ✓ 1980<br>Timpistí | Treoracha 2002/59 agus 2009/18 | ✕ |
| **MARPOL – Iarscríbhinn VI**<br>★ 1997 ✓ 2005<br>Truailliú aeir | Treoracha Sulfair agus SGC/RSC | Treoir TL |
| **An Coinbhinsiún ar Chórais Dhíobhálacha Frithsmálaithe ar Longa a Rialú**<br>★ 2001 ✓ 2008<br>Comhdhúile orgánastáin | Treoir RSC/ Rialachán (CE) Uimh. 782/2003 | ✕ |
| **Coinbhinsiún Nairobi**<br>★ 2007 ✓ 2015<br>Árthaí raice, lena n-áirítear coimeádáin | ✕ | Treoir RSC |
| **Coinbhinsiún Hong Cong**<br>★ 2009 ✓ 2025<br>Athchúrsáil long | Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 | Treoir RSC |

*Foinse:* CIE.

**21** Is é an cuspóir atá leis an dá leagan leasaithe de Threoracha TL agus RSC (mír ***09***) ná na rialacha Eorpacha maidir le sábháilteacht mhuirí a nuachóiriú agus truailliú an tsáile ag longa a chosc (féach ***Bosca 1***).

**Bosca 1**

**Leasuithe nua ar na tograí maidir le truailliú a thagann ó longa agus rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt**

An leagan leasaithe den Treoir maidir le truailliú ó longa, déanann sé rialacha an Aontais a ailíniú tuilleadh le rialacháin idirnáisiúnta. Leathnaíonn sé raon feidhme rialacha an Aontais ionas go gclúdófar raon níos leithne de shubstaintí truaillitheacha, ar nós substaintí díobhálacha atá i bpacáistí, camras agus dramhaíl, móide uisce agus iarmhair áirithe ó chórais ghlantacháin gáis sceite (‘sciúrthóirí’) a bheith á scaoileadh amach san fharraige.

Sa leasú sin freisin, leagtar amach critéir íosta le haghaidh pionóis riaracháin a chur i bhfeidhm, amhail tromchúis an chiona, an tionchar ar an gcomhshaol nó láidreacht airgeadais an eintitis atá freagrach.

Sa leasú ar an Treoir maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt, déantar raon feidhme na treorach a leathnú ionas go gclúdódh sí rialacha idirnáisiúnta breise, amhail Coinbhinsiún Nairobi maidir le hárthaí raice a thógáil as an bhfarraige agus Coinbhinsiún Hong Cong maidir le hathchúrsáil long.

## Tá an Coimisiún féin ag líonadh na mbearnaí i dtaobh rioscaí de thruailliú ó longa

**22** Rinneamar léirbhreithniú orthu seo a leanas:

- creat reachtach an Aontais lena sheiceáil ar chlúdaigh sé na príomhfhoinsí de thruailliú a thagann ó longa;
- gach a bhfuil déanta ag an gCoimisiún chun na bearnaí a bhí fós ann i gcás rioscaí gaolmhara a líonadh.

Sa roinn seo, cuirimid i láthair ár gcuid fionnachtana maidir le díchóimeáil long, coimeádáin atá caillte, árthaí raice agus córais ghlantacháin gáis sceite.

**Díchóimeáil agus athchúrsáil long**

**23** Ar an leibhéal idirnáisiúnta, beidh Coinbhinsiún Idirnáisiúnta Hong Cong maidir le hAthchúrsáil Long ar Bhealach Sábháilte agus Neamhdhíobhálach don Chomhshaol (2009) ag teacht i bhfeidhm i Meitheamh 2025. Clúdaíonn an Coinbhinsiún sin oibriú saoráidí athchúrsála long agus bunú sásra forfheidhmiúcháin le haghaidh athchúrsáil long, ar sásra é sin a bhfuil deimhniú chomh maith le ceanglais tuairiscithe tugtha isteach ann. Amhail an 30 Meán Fómhair 2024, bhí an Coinbhinsiún daingnithe ag 10 mBallstát den Aontas a bhfuil cósta acu agus ag Ballstát amháin nach bhfuil aon chósta aige.

**24** Ar leibhéal an Aontais, is ann do Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 maidir le hathchúrsáil long agus tá feidhm aige sin maidir le longa faoi bhratach cheann de thíortha an Aontais agus tá Coinbhinsiún Hong Cong á chur chun feidhme cheana féin tríd an Rialachán sin, cé go bhfuil na ceanglais sa Rialachán níos doichte. Amhail ón 31 Nollaig 2018, caithfear gach soitheach tráchtála atá faoi bhratach cheann de thíortha an Aontais, agus a bhfuil olltonnáiste de 500 tona nó níos mó aici, a athchúrsáil i saoráidí athchúrsála long atá formheasta ag an Aontas Eorpach.

**25** Is féidir le longúinéirí teacht timpeall ar an oibleagáid sin, áfach, trína mbratach a athrú ó bhratach cheann de thíortha an Aontais go bratach thíre nach bhfuil san Aontas sula ndéanann siad a long a dhíchóimeáil. In 2022, bhí bratach cheann de thíortha an Aontais ar foluain ag 14.2 % de fhlít an domhain, ach ní raibh ach 6.1 % de longa a bhfuil a ré caite acu cláraithe le bratach cheann de thíortha an Aontais. Le blianta beaga anuas, tá longúinéirí áirithe as an nGearmáin á n-imscrúdú ó thaobh sáruithe amhrasta in aghaidh oibleagáidí athchúrsála long.

**26** In 2017, d’fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil ‘ar a indéanta is a bheadh ionstraim airgeadais a sholáthar lena n-éascófaí athchúrsáil long ar bhealach sábháilte agus fónta’. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil sin go raibh tuilleadh anailíse ag teastáil. Tá an rogha sin á hathmheasúnú ag an gCoimisiún agus, chomh maith leis sin, tá tús curtha aige le meastóireacht ar an rialachán maidir le hathchúrsáil long, a bhfuil sé beartaithe an mheastóireacht sin a bheith críochnaithe faoi dheireadh 2024.


**Coimeádáin atá caillte ar muir**

**27** D'fhéadfaí coimeádáin loingseoireachta a chailleadh ar muir le linn an iompair, mar gheall ar stóráil nach bhfuil leormhaith, mar gheall ar thimpistí nó mar gheall ar dhrochaimsir. Ón uair a chailltear iad, d'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le truailliú, mar shampla, má scaoileann siad substaintí guaiseacha nó millíní plaisteacha amach san fharraige. Is féidir le coimeádáin atá caillte a bheith ina dtrúig le timpistí eile freisin, agus leanfadh tuilleadh truaillithe sa sáile as sin.

**28** Ar an leibhéal idirnáisiúnta, cuireann Coinbhinsiún MARPOL (1973) agus an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (1974) de cheangal ar mháistir loinge tuairisc a chur chuig an stát cósta is gaire aon uair a chailltear coimeádáin ina bhfuil earraí nó substaintí contúirteacha amach thar bord. I Meitheamh 2024, ghlac IMO leasuithe ar a chuid rialachán maidir le Sábháilteacht Anama ar Muir agus, ó Eanáir 2026, beidh sé éigeantach gach coimeádán a chailltear ar muir a thuairisciú. Tá IMO ag obair faoi láthair ar bhealaí chun cailleadh coimeádán a chosc.

**29** Ar leibhéal an Aontais, cuireann Treoir 2002/59/CE de cheangal ar na Ballstáit a chinntiú go ndéanann máistir loinge a thuairisciú láithreach don stát cósta ábhartha má cailleadh aon choimeádán. Sa bhreis air sin, de réir Threoir 2009/18/CE, ní foláir do na Ballstáit cuntas ar aon choimeádán atá caillte ar muir ina gcuid uiscí féin nó ó longa a bhfuil a mbratach ar foluain acu a thaifeadadh san Ardán Faisnéise Eorpach maidir le Taismí Muirí. Ní féidir a bheith cinnte, áfach, go ndéantar gach caillteanas a fhógairt. Léiríonn na sonraí ar an ardán sin go dtagann athrú suntasach ó bhliain go bliain ar an líon coimeádán a chailltear i bhfarraigí an Aontais (lena n-áirítear na coimeádáin sin a bhí ar bord longa a chuaigh go tóin poill), mar a thaispeántar i ***bhFíor 7***.

## Fíor 7 – An líon coimeádán a cailleadh ar muir san Aontas Eorpach, 2011-2023




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.


**30** Is beag de na coimeádáin chaillte a thógtar arís as an bhfarraige. De réir mheastacháin údaráis na Fraince, níor tógadh as an bhfarraige ach 49 gcoimeádán as na 1 200 coimeádán a cailleadh i limistéar an Atlantaigh agus i limistéar Mhuir nIocht/na Mara Thuaidh idir 2003 agus 2014, arb ionann é sin agus thart ar 4 %.

**31** De réir mheasúnú tionchair an Choimisiúin ar thruailliú ó mhicreaphlaistigh, is millíní plaisteacha a chailltear ar muir nó ar tír an tríú foinse is mó de mhicreaphlaistigh a scaoiltear amach go neamhdheonach i gcomhshaol an Aontais Eorpaigh. In 2019 agus 2020, cailleadh dhá lastas de mhillíní plaisteacha agus mar thoradh air sin rinneadh 550 milliún millín (11 thona) agus 650 milliún millín (13 thona), faoi seach, a scaoileadh amach sa Mhuir Thuaidh. I Márta 2024, d'fhormheas Coiste Muir-Shábháilteachta IMO moltaí maidir le millíní plaisteacha a iompar ar muir. Tá togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc ag dul tríd an bpróiseas reachtach faoi láthair.

**Árthaí raice**

**32** Is foinsí féideartha de thruailliú iad árthaí raice i bhfarraigí an Aontais, ar nós longa cogaidh, longa lastais, tancaeir ola, tancaeir ceimiceán nó báid iascaireachta atá longbhriste. Bíonn ceimiceáin agus ola bhreosla throm iontu a d'fhéadfadh a bheith ag sileadh isteach de réir a chéile sa mhuirthimpeallacht. Bunaithe ar fhoinsí HELCOM, measann eolaithe ó fhondúireacht MARE go bhfuil ar a laghad 100 as na 8 000 go 10 000 árthach raice i Muir Bhailt i riocht nach bhfuil sábháilte mar go bhfuil breosla nó substaintí guaiseacha iontu agus go bhfuil siad níos lú ná 10 muirmhíle ón gcósta (féach ***Fíor 8***).

## Fíor 8 – Árthaí raice guaiseacha san fharraige amach ón Eastóin, ón bPolainn agus ón tSualainn




© HELCOM – Seirbhís léarscáileanna agus sonraí. Tacar sonraí: árthaí raice guaiseacha i Muir Bhailt, arna nuashonrú go deireanach an 22 Meitheamh 2023.


**33** De réir mheastacháin údaráis na Gearmáine, tá isteach agus amach le 1 000 árthach raice i réigiún na Gearmáine den Mhuir Thuaidh agus 500 i réigiún na Gearmáine de Muir Bhailt. Ní raibh a fhios ag údaráis na Gearmáine cén sórt lastais a bhí sna hárthaí raice sin. Sa Fhrainc, tá liosta curtha le chéile ag seirbhís hidreagrafach agus aigéaneolaíochta chabhlach na Fraince (SHOM) ina luaitear 4 700 árthach raice atá os cionn 40 méadar ar fad, ar árthaí iad sin a cuireadh i mbun seirbhíse i ndiaidh 1914 agus atá le fáil i limistéar eacnamaíoch eisiach mhórthír na Fraince agus a cuid réigiún thar lear.

**34** Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá rialacha leagtha síos i gCoinbhinsiún Nairobi (2007) maidir le hárthaí raice a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh don mhuirthimpeallacht a thógáil as an bhfarraige. Amhail an 30 Meán Fómhair 2024, bhí an Coinbhinsiún daingnithe ag 14 Bhallstát den Aontas a bhfuil cósta acu agus ag Ballstát amháin nach bhfuil aon chósta aige. Le Treoir RSC, a rinneadh a leasú i Samhain 2024, déantar Coinbhinsiún Nairobi a thabhairt isteach i gcreat dlíthiúil an Aontais Eorpaigh.

**Muinisin**

**35** D'fhéadfadh muinisin fo-thoinn substaintí tocsaineacha a scaoileadh amach de réir mar a bhíonn siad ag creimeadh. Bailíonn OSPAR tuairiscí faoi mhuinisin fo-thoinn a dtagtar trasna orthu san Atlantach Thoir Thuaidh. Tuairiscítear thart ar 900 cás de mhuinisin a dtagtar trasna orthu gach bliain. Díobh sin, is muinisin a chuaigh i bhfostú i líonta iascaireachta os cionn 50 % díobh. De réir mheastacháin HELCOM, tá thart ar 40 000 tona de mhuinisin cheimiceacha dumpáilte i Muir Bhailt ó 1946 i leith (féach ***Fíor 9***). De réir mheastacháin údaráis na Gearmáine, tá 1.6 milliún tona de mhuinisin choinbhinsiúnacha agus thart ar 5 100 tona de mhuinisin cheimiceacha i bhfarraigí na Gearmáine.

## Fíor 9 – Cásanna inar thángthas trasna ar mhuinisin choinbhinsiúnacha, cheimiceacha nó anaithnide i limistéar muirí OSPAR agus dumpthaiscí arm ceimiceach agus mianaigh féideartha i Muir Bhailt




© OSPAR – Córas Bainistithe Sonraí agus Faisnéise (tacar sonraí: Cásanna inar thángthas trasna ar mhuinisin 1999-2021) agus © HELCOM – Seirbhís léarscáileanna agus sonraí (tacair sonraí: Dumpthaiscí arm ceimiceach i Muir Bhailt agus léarscáil Bhord Sábháilteachta Ordanáis Mhuir Bhailt maidir leis na rioscaí go dtiocfaí trasna ar mhianaigh farraige ón gCéad agus Dara Cogadh Domhanda ar ghrinneall na farraige).

**36** Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá toirmisc ghinearálta i gCoinbhinsiún Londan (1972) ar dhramhaíl, lena n-áirítear airm cheimiceacha, a dhumpáil san fharraige. Chomh maith leis sin, tá an córas seo tugtha isteach go hiomlán sa Phrótacal (1996) a ghabhann le Coinbhinsiún Londan. Amhail an 30 Meán Fómhair 2024, bhí an Coinbhinsiún daingnithe ag 18 mBallstát den Aontas a bhfuil cósta acu agus ag 2 Bhallstát nach bhfuil aon chósta acu agus bhí an Prótacal daingnithe ag 13 Bhallstát den Aontas a bhfuil cósta acu agus ag 1 Bhallstát nach bhfuil aon chósta aige.

**37** Ar leibhéal an Aontais, ní dhearnadh an Coinbhinsiún ná an Prótacal a shníomh isteach i ndlí an Aontais. I Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh (2014), sainaithníodh muinisin cheimiceacha dumpáilte agus ordanáis neamhphléasctha mar bhagairt slándála muirí. As na 130 gníomhaíocht a bhí leagtha amach sa phlean gníomhaíochta mionsonraithe a eisíodh de dhroim na Straitéise, bhain trí cinn acu le muinisin. I dtuarascáil 2020 maidir le cur chun feidhme an leagain athbhreithnithe den Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh, luadh gníomhaíochtaí amhail imeachtaí múscailte feasachta agus cuireadh tús le comhar agus le dhá thionscadal taighde. Níor luadh aon toradh sonrach ann, áfach, ó thaobh chainníochtaí na muinisean a bhí le tógáil as an bhfarraige.

**Córais ghlantacháin gáis sceite**

**38** D'éirigh le rialacháin IMO tairseacha sriantacha a leagan síos le haghaidh sulfar i mbreosla long chun truailliú aeir a laghdú. Na teorainneacha atá sainithe i dTreoir (AE) 2016/802 maidir leis an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe a laghdú, tá siad ailínithe le rialacháin IMO. Maidir leis an gcaighdeán sulfair is déine le haghaidh long (0.1 %), tá sé fós 100 uaire níos boige ná an caighdeán sulfair le haghaidh díosal agus peitreal a úsáidtear i bhfeithiclí bóthair (0.001 %) – caighdeán atá i bhfeidhm san Aontas Eorpach ó 2009.

**39** Chun na caighdeáin sulfair a chomhlíonadh, is féidir le longa breosla níos glaine a úsáid nó córais ghlantacháin gáis sceite, ar a dtugtar 'sciúrthóirí', a shuiteáil. Is feistí iad sin a ghabhann ocsaíd sulfair as gáis sceite trí úsáid a bhaint as uisce, ach cruthaíonn sé sin uisce sciúrthóra éillithe agus is minic a scaoileann longa an t-uisce sin amach san fharraige.

**40** Ceadaítear sciúrthóirí a úsáid i bhfarraigí an Aontais Eorpaigh, cé go bhfuil srian curtha ar a n-úsáid ag cuid de na Ballstáit. I dTreoirlíne IMO le haghaidh Córais Ghlantacháin Gáis Sceite 2021, ar treoirlínte neamhcheangailteacha iad, leagtar síos critéir le haghaidh rudaí a scaoileadh amach san fharraige agus tugtar teorainneacha tiúchana le haghaidh substaintí gáis sceite in uisce sciúrthóirí. Faoi reachtaíocht nuashonraithe an Aontais Eorpaigh maidir le truailliú a thagann ó longa (féach ***Bosca 1***), tá toirmeasc ar scaoileadh amach san fharraige a bhfuil feidhm aige maidir le huisce sciúrthóirí sulfair nach gcomhlíonann na critéir le haghaidh scaoileadh amach san fharraige i gcás substaintí dochracha faoi mar atá leagtha síos ag IMO.

## Tá laigí i gcur chun feidhme agus forfheidhmiú rialacha an Aontais a thugann aghaidh ar thruailliú a thagann ó longa

**41** Scrúdaíomar an raibh beartais agus bearta curtha chun feidhme ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit chun cúnamh a thabhairt i ndul i ngleic le truailliú a thagann ó longa agus an raibh na beartais agus na bearta sin á bhforfheidhmiú go cuí. Sheiceálamar an méid seo a leanas:

- ar thug an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) uirlisí éifeachtacha do na Ballstáit chun go bhféadfaidís truailliú a thagann ó longa a bhrath, agus dul i ngleic leis an truailliú sin, agus ar bhain na Ballstáit úsáid as na huirlisí sin;
- an ndearna an Coimisiún agus na Ballstáit seiceálacha agus cigireachtaí chun a áirithiú go bhfuil reachtaíocht an Aontais á chomhlíonadh, agus ar ghlac siad pionóis a bheadh le forchur i gcás sáruithe;
- ar chinntigh na Ballstáit go ndearnadh reachtaíocht an Aontais maidir le trealamh iascaireachta a chur chun feidhme go tráthúil;
- an raibh breisluach ag gabháil le tionscadail a fuair cistiú ón Aontas.

### Tá teorainneacha áirithe ag gabháil le huirlisí agus seirbhísí muirí EMSA, agus níor bhain na Ballstáit a ndóthain úsáid astu

**42** Tacaíonn EMSA leis na Ballstáit trí na nithe seo leanas a chur ar fáil: faireachas satailíte ar longa; drón turgnamhach chun astaíochta arda a bhrath; agus soithí freagartha.

**Faireachas satailíte**

43 De réir na meastachán, téann idir 1 mhilliún tona agus 4.5 milliún tona d'ola isteach sa mhuirthimpeallacht gach bliain. Bíonn éagsúlacht san fhigiúr sin ag brath ar an bhfoinse faisnéise, ar an modheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm agus ar scóip an mheastacháin[1]. I measúnú tionchair 2023 an Choimisiúin ar leasú na dTreoracha maidir le truailliú ó longa, tuairiscíodh gur foinse shuntasach truaillithe a thagann ó longa atá i dtimpistí ar muir ach fós go dtagann tromlach an truaillithe i ndoirteadh ola as scaoileadh amach san fharraige d'aon ghnó, faoi mar a tharlaíonn in oibríochtaí glanta umar agus nuair a dhéantar dramhaíl a scaoileadh amach san fharraige. Thug an measúnú tionchair le fios freisin go raibh bearnaí móra san fhaisnéis maidir le truailliú ola a thagann ó longa ar fud an Aontais.

44 Ó 2007, tá Seirbhís Faireacháin Ola Satailíte na hEorpa (CleanSeaNet) á reáchtáil ag EMSA chun faireachas agus luathbhrath a dhéanamh ar chásanna de thruailliú féideartha agus chun a shainaithint cén long a d'fhéadfadh a bheith freagrach as an truailliú sin. Tá an córas ag brath ar an bhfáil atá ar íomhánna satailíte. Is íomhánna de na limistéir atá díreach fúthu, agus é sin amháin, a ghabhann satailítí. D'fhéadfadh sé tarlú freisin nach mbeidís ag obair i gceart, faoi mar a tharla sa Ghearmáin in 2022 nuair nach bhfuarthas 13 % de na híomhánna a bhí ceaptha teacht ó shatailít ar leith.


45 Tá sé mar aidhm ag CleanSeaNet cásanna féideartha de dhoirteadh ola a bhrath, ach d'fhéadfadh sé truailleáin eile a thaispeáint freisin (e.g. camras, dramhaíl) nó gnéithe a tharlaíonn go nádúrtha, amhail algaí nó oighear. Tá sé níos deacra truailleáin cheimiceacha a bhrath, mar gur minic go bhféadfaidís sin a bheith dofheicthe. Tá líonra saineolaithe (an líonra um Idirghabháil Mhuirí in Éigeandálaí Ceimiceacha (MAR-ICE)) cruthaithe ag EMSA a thugann faisnéis agus comhairle i dtaobh ceimiceáin a bhíonn i gceist in éigeandálaí muirí. Tá sé mar aidhm ag Treoir TL (arna leasú) feabhas a chur ar CleanSeaNet agus faisnéis faoi thuilleadh truailleán a bheith ann.

46 Cuireann CleanSeaNet íomhánna satailíte ardtaifigh ar fáil do 22 Bhallstát san Aontas Eorpach a bhfuil cósta acu. In 2023, shainaithin sé, ar an iomlán, 5 088 ndoirteadh féideartha laistigh de na limistéir eacnamaíocha eisiacha táscacha. Tá na Ballstáit freagrach as seiceálacha ar an láthair agus as forfheidhmiú.

[1] Ola sna haigéin, 'World Ocean Review' 2014, Foilseachán ESA maidir le truailliú ola, Easróirí mar theicníc chun doirteadh ola a ghlanadh suas sa mhuirthimpeallacht, ITOPF – Staitisticí maidir le Doirteadh Ola ó Thancaeir 2023.

**47** Taispeánann ár n-anailís ar shonraí EMSA le haghaidh 2022-2023 (féach ***Fíor 10***) nár sheiceáil na Ballstáit ach níos lú ná leath na bhfoláireamh a tháinig ó CleanSeaNet agus nár dheimhnigh siad truailliú ach i 7 % de na cásanna. Tá éagsúlacht sách mór ó Bhallstát go chéile sa chéatadán d'fholáirimh thruaillithe CleanSeaNet a dheimhnítear. Cé gur dheimhnigh an Danmhairg agus an Ghearmáin truailliú in 30 % nó níos mó de na foláirimh, is go fíorannamh a dheimhnigh an Iodáil truailliú a bhí braite ag CleanSeaNet, in ainneoin gurb í an Iodáil is mó a rinne seiceálacha ar an láthair (1 046 as líon iomlán de 1 188). De réir an leagain chríochnaithigh de mheasúnú tionchair 2023 an Choimisiúin maidir le leasú Threoir TL, tá an seans go ndeimhnítear truailliú ag brath ar an eatramh ama idir tógáil na híomhá satailíte agus an truailliú a bheith seiceáilte ag Ballstát.

## Fíor 10 – Cásanna de thruailliú féideartha a bhraith CleanSeaNet i stáit chósta an Aontais agus na gníomhaíochtaí leantacha, 2022-2023




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ó EMSA.

**48** A thúisce a bhíonn truailliú deimhnithe, ba chóir é a rianú siar go dtí an truaillitheoir agus ba chóir gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh. Sa mheasúnú tionchair réamhráite, áfach, thángthas ar an gconclúid nach ndearna Treoir TL a áirithiú go hiomlán gur cuireadh pionóis ar na daoine sin a bhí freagrach as substaintí truaillitheacha a scaoileadh amach san fharraige go mídhleathach agus go raibh an obair iardain dhlíthiúil a rinne na Ballstáit, agus na pionóis a d'fhorchuir siad, fós sách íseal.

**Brath ag drón**

**49** Ó 2019, tá drón curtha ar fáil ag EMSA do na Ballstáit atá feistithe le braiteoir de chineál smúrtha atá in ann astaíochtaí ocsaíde sulfair agus ocsaíde nítrigine ó longa a thomhas, faoi mar a thaispeántar i ***bhFíor 11***. Is minic a théann an truailliú aeriompartha sin san fharraige faoi dheireadh. Sa Fhrainc agus sa Ghearmáin, fuaireamar go gcaití seiceálacha eile a dhéanamh chun torthaí an dróin a dheimhniú. Ar an iomlán, is fíorbheag sáruithe ar an Treoir maidir leis an gcion sulfair i mbreoslaí long a fuarthas sna tíortha sin a d'úsáid an teicneolaíocht sin (deimhníodh sárú amháin sa Fhrainc le linn feachtais trí mhí agus níor deimhníodh sárú ar bith sa Ghearmáin le linn tréimhse den fhad céanna).

## Fíor 11 – Íomhá ó dhrón atá ag déanamh ar shoitheach chun an cion sulfair i dtoit throm a thomhas




© EMSA (2023) – Seirbhísí RPAS a seachadadh d'údaráis na Fraince. (Pictiúr curtha isteach ag CIE in íochtar ar dheis.)

**Soithí freagartha**

50 Sa bhreis ar a gcuid uirlisí náisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar chásanna de thruailliú muirí, is féidir leis na Ballstáit úsáid a bhaint as líonra EMSA de shoithí freagartha do dhoirteadh ola atá ar fuireachas agus úsáid a bhaint as an trealamh chuige sin, mar a thaispeántar i ***bhFíor 12***. Tá a chuid soithí scaipthe timpeall ag EMSA de réir iarrataí na mBallstát atá formheasta ag Bord Riaracháin EMSA. I láthair na huaire, tá EMSA – in éineacht leis na Ballstáit – ag athbhreithniú a chuid seirbhísí oibríochtúla chun freagairt do thruailliú lena chinntiú go mbeidh siad cuí don chuspóir sa todhchaí.

## Fíor 12 – Uirlisí EMSA chun freagairt do thruailliú a thagann ó longa




© EMSA, na seirbhísí oibríochtúla a bhí beartaithe faoi dheireadh 2024.

**51** Ó 2017, bhí an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach i riocht freisin rannchuidiú le hiarrachtaí frith-thruaillithe ar muir. I láthair na huaire, tá trí shoitheach patróil amach ón gcósta cairtfhostaithe ag an ngníomhaireacht ó EMSA agus iad feistithe amach le trealamh freagartha do dhoirteadh ola. Níor baineadh úsáid fós astu chun dul i ngleic le haon tarlú truaillithe, mar gur thug na Ballstáit tosaíocht dá gcuid modhanna féin.

## Níl na seiceálacha agus cigireachtaí ar longa leordhóthanach, agus tá éagsúlacht ar fud an Aontais sna pionóis a ghearrtar ar scaoileadh amach san fharraige go mídhleathach

### Seiceálacha EMSA ar chur chun feidhme reachtaíocht an Aontais

**52** Arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, tugann EMSA cuairteanna ar na Ballstáit chun faireachán a dhéanamh féachaint an bhfuil dlí an Aontais Eorpaigh maidir le sábháilteacht mhuirí agus cosc truaillithe á gcur chun feidhme agus á bhforfheidhmiú go héifeachtach acu. Ag deireadh gach cuairte, bíonn ar EMSA tuarascáil a tharraingt suas agus í a sheoladh chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit lena mbaineann.

**53** Déanann EMSA liostaí dá chuairteanna agus cigireachtaí i ngach ceann de Bhallstáit an Aontais le roinnt blianta anuas i bhfoirm timthrialla a bhaineann le píosaí éagsúla reachtaíochta a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin. Idir 2012 agus 2022, d’iarr an Coimisiún ar EMSA díriú isteach ar an Treoir maidir le rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt agus d’iarr sé air cigireacht a dhéanamh faoi dhó le linn na tréimhse sin ar gach Ballstát a bhfuil cósta acu. Ní dhearna EMSA cuairteanna i ndáil leis an Treoir maidir le truailliú ó longa, áfach. In 2024, chuir EMSA tús le timthriall seiceálacha i ndáil leis an Treoir maidir le saoráidí glactha calafoirt.

### Saoráidí glactha calafoirt


**54** Cuireann Treoir SGC de cheangal ar na Ballstáit saoráidí glactha calafoirt leormhaithe a bhunú le haghaidh cineálacha éagsúla dramhaíola a bhíonn á gineadh ag longa. Bíonn ar na longa fáil réidh leis an dramhaíl go léir sula bhfágann siad an calafort, mura rud é go bhfuil acmhainneacht stórála shonrach acu a bheidh leordhóthanach dóibh go dtí go sroichfidh siad an chéad chalafort eile.

**55** Bhí easnaimh i gcur chun feidhme agus i bhforfheidhmiú Threoir SGC sna Ballstáit ar thugamar cuairt orthu. In 2020, thuairiscigh údaráis na Fraince nach raibh na saoráidí glactha calafoirt ag freagairt don chaoi a raibh an dramhaíl á sórtáil ar bord. Sa Ghearmáin, fuarthas i staidéar a rinneadh in 2023 go raibh easnaimh shuntasacha ann ó thaobh calafoirt i stáit chónaidhme éagsúla, amhail gan dóthain faisnéise a bheith ar fáil i dtaobh diúscairtí a rinneadh agus diúscairtí a bhí beartaithe a dhéanamh.

**56** Ó 2022, cuireann Treoir SGC de cheangal ar na Ballstáit cigireacht a dhéanamh ar 15 % de na longa ar fad a thagann isteach chuig a gcalafoirt. Seiceálann na cigireachtaí go bhfuil na longa ag cloí le rialacha maidir le bainistiú dramhaíola, lena n-áirítear fógra a thabhairt, tuairisciú agus an úsáid iarbhír a bhaintear ag saoráidí glactha calafoirt le haghaidh diúscairt dramhaíola.

**57** Bíonn ar na Ballstáit sonraí a bhailiú faoi na cigireachtaí atá déanta, lena n-áirítear an líon cigireachtaí, na cineálacha longa a ndearnadh cigireacht orthu agus forthorthaí na gcigireachtaí. Bíonn orthu na sonraí a choimeád cothrom le dáta agus iad a thuairisciú chuig EMSA. Léiríonn ár n-anailís ar shonraí EMSA go raibh sé Bhallstát ann a bhí ag comhlíonadh na sprice de 15 % in 2023 (féach ***Fíor 13***). Bhí dhá Bhallstát ann nár thuairiscigh sonraí agus bhí cúig cinn ann a bhí faoi bhun leath na sprice.

## Fíor 13 – Comhlíonadh na sprice de 15 % le haghaidh chigireacht long SGC in 2023




*Foinse:* Ríomha CIE, bunaithe ar shonraí ó EMSA.

**58** Mhínigh údaráis na Gearmáine nár baineadh amach an sprioc go príomha mar go raibh fadhbanna acu an líon ceart foirne a fháil agus go raibh easpa soiléireachta ann faoin líon cigireachtaí a bhí le déanamh ar an leibhéal réigiúnach. Fuaireamar nach ndearna údaráis na Fraince aon chigireachtaí long faoi Threoir SGC in 2022, mar gheall ar thrasuí déanach na treorach sin. Chuir an Coimisiún in iúl dúinn gur thug sé faoi deara freisin go raibh easnaimh sa tuairisciú (cigireachtaí nár shroich an tairseach de 15 % nó tearcthuairisciú).


**Rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt**

**59** I dTreoir RSC, leagtar síos critéir choiteanna le haghaidh cigireacht ar longa eachtracha i gcalafoirt náisiúnta agus leagtar síos freisin nósanna imeachta comhchuibhithe maidir le cigireacht agus coinneáil. Roghnaítear longa le haghaidh chigireacht RSC trína bpróifíl riosca agus tosaíochtaí eile a chur san áireamh. Fuaireamar go raibh 11 Bhallstát ann nár bhain amach a gcuid spriocanna cigireachta in 2023.

**60** Rinneamar anailís ar shonraí EMSA maidir le heasnaimh a braitheadh le linn chigireachtaí RSC ar leibhéal na mBallstát ó 2014. I measc na sáruithe ba choitianta, bhí fadhbanna a bhaineann le pleananna bainistithe dramhaíola, socruithe oibre ar bord loinge agus ionaid cóireála camrais ar bord. Ar an iomlán, ó 2014 go 2023, bhraith na Ballstáit beagnach 16 000 d'easnaimh den sórt sin. Tháinig méadú níos mó ná 40 % ar an líon iomlán easnamh idir 2019 agus 2023.

**61** Is féidir leis na Ballstáit a chinneadh longa a choimeád sa chalafort go dtí go dtugtar aghaidh ar easnaimh mhóra a braitheadh le linn cigireachtaí RSC agus go mbíonn leigheas faighte ar na heasnaimh sin. Tugtar 'coinneáil' air sin. Taispeánann ***Fíor 14*** go bhfuil an ráta coinneála ag éirí as cigireachtaí RSC idir 3 % agus 4 %.

## Fíor 14 – Cigireachtaí RSC i gcomparáid le cásanna de choinneáil i gcalafoirt AE, 2014 go 2023




*Foinse:* Anailís CIE, bunaithe ar shonraí ó EMSA.

**Pionóis as scaoileadh amach san fharraige go mídhleathach**

**62** Faoi Threoir TL, leagtar síos an ceanglas go bhfuil pionóis le cur ar na daoine atá freagrach as substaintí truaillitheacha a scaoileadh amach san fharraige go mídhleathach. I measúnú tionchair 2023 an Choimisiúin, atá ag gabháil leis an togra chun Treoir TL a leasú, tuairiscíonn an Coimisiún go bhfuil éagsúlacht ó Bhallstát go chéile sa léirmhíniú a dhéantar ar an Treoir. Ós rud é nach bhfuil aon sainmhíniú coiteann ann faoi cad is 'mórchásanna' agus 'mionchásanna' de thruailliú ann, d'fhéadfadh sé nach mar a chéile a dhéileálfaí le cásanna comhchosúla de scaoileadh truaillitheach amach san fharraige sna Ballstáit ar fad. Thuairiscigh staidéar an Choimisiúin freisin go raibh éagsúlacht mhór cleachtas ann maidir leis na smachtbhannaí féideartha agus na nósanna imeachta dlí a bhí le leanúint.

**63** Ar an iomlán, chuir tuarascáil an Choimisiúin i bhfáth gur annamh a fhorchuirtear pionóis éifeachtacha agus athchomhairleacha ar longa a scaoileann substaintí truaillitheacha amach san fharraige go mídhleathach, agus gur annamh a dhéantar aon ionchúiseamh. Le Treoir TL (arna athbhreithniú), tugtar uirlis éigeantach isteach a fhágann go mbíonn ar na Ballstáit a thuairisciú cad iad na pionóis atá curtha i bhfeidhm acu. Ní thugann sé córas pionóis comhchuibhithe de chuid an Aontais isteach áfach.

## Níl cur chun feidhme reachtaíocht AE maidir le trealamh iascaireachta críochnaithe fós ar an leibhéal náisiúnta

**64** Is foinse de thruailliú plaisteach ó shoithí iascaireachta atá i dtrealamh iascaireachta atá tréigthe, caillte nó caite amach san fharraige, a dtugaimid go simplí 'trealamh iascaireachta caillte' air sa tuarascáil seo. Faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 maidir le rialú iascaigh[2], tá sé éigeantach do mháistrí soithí iascaigh AE a bhfuil trealamh, nó cuid de threalamh, caillte acu féachaint leis an trealamh sin a thógáil as an bhfarraige arís chomh luath agus is féidir. Bíonn ar na Ballstáit aon sáruithe a bhaineann le trealamh iascaireachta caillte a thógáil as an bhfarraige arís a thuairisciú don Choimisiún.

[2] Airteagal 48 de Rialachán (CE) Uimh 1224/2009 maidir le rialú iascaigh.

**65** Chuir an Coimisiún in iúl dúinn, áfach, nach bhfuil ach líon teoranta Ballstát ann a thuairiscigh sáruithe. I dtuarascáil achoimre 2021 ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Rialachán maidir le Rialú Iascaigh 2009 le linn na tréimhse idir 2015 agus 2019, bhí roinnt faisnéise faoin líon sáruithe a braitheadh i ndáil le trealamh iascaireachta caillte a thógáil as an bhfarraige arís. As na 93 sárú sin, is í an Spáinn a thuairiscigh 86 díobh agus níor thuairiscigh an Fhrainc ná an Ghearmáin sárú ar bith den sórt sin.

**66** Faoin rialachán nua (i.e. Rialachán (AE) 2023/2842) lena leasaítear an Rialachán maidir le Rialú Iascaigh a bhí roimhe sin ann, caithfidh faisnéis faoi threalamh iascaireachta agus sonraí faoi threalamh iascaireachta caillte a bheith i logleabhair shoithí iascaireachta. Bíonn ar na Ballstáit ansin faisnéis faoi threalamh caillte a bhailiú agus a thaifeadadh, agus an fhaisnéis sin a sholáthar don Choimisiún nó don Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach nuair a iarrann siad é. I measc na bhforálacha nua, tá seiceáil ar an trealamh chun an trealamh iascaireachta a thógáil as an bhfarraige arís, agus déantar cion tromchúiseach de threalamh iascaireachta a dhiúscairt go mídhleathach san fharraige. Tá an chéim thosaigh de chur chun feidhme an Rialacháin nua á déanamh faoi láthair ag na Ballstáit.

**67** Sula ndearnadh an t-athbhreithniú ar Threoir SGC in 2019, bhí calafoirt in ann muirear a ghearradh ar iascairí as trealamh iascaireachta tréigthe, caillte nó caite amach san fharraige a bhí tógtha arís as an bhfarraige acu a thabhairt i dtír. Tá an dídhreasú sin scriosta anois as Treoir SGC trí tháille indíreach a thabhairt isteach – gan beann ar dhramhaíl a sheachadadh chuig saoráid ghlactha chalafoirt.

**68** Faoi Threoir (AE) 2019/904 maidir le plaistigh aon úsáide, bhí scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora ceaptha a bheith ann faoin 31 Nollaig 2024. Ciallaíonn sé sin go bhfuil freagracht ó thaobh airgeadais de ar tháirgeoirí as bailiú, iompar agus cóireáil dramhthrealaimh iascaireachta ina bhfuil plaisteach. Cuideoidh sé sin le costas bhainistiú trealaimh iascaireachta atá déanta as plaisteach a chlúdach ón uair a thugann iascairí i dtír é.

**69** Fuaireamar nach raibh scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora le haghaidh táirgeoirí trealaimh iascaireachta curtha i bhfeidhm go hiomlán ag na Ballstáit ar thugamar cuairt orthu (féach ***Bosca 2***).

## Bosca 2

### Freagracht leathnaithe le haghaidh táirgeoirí trealaimh iascaireachta

Sa Ghearmáin, cuireadh scéim freagrachta leathnaithe táirgeora ar bun in 2021 le conradh faoin dlí poiblí idir údaráis phoiblí, táirgeoirí trealaimh iascaireachta atá déanta as plaisteach, eagraíocht neamhrialtasach agus oibreoirí i gcalafoirt áirithe. Bailíonn an eagraíocht neamhrialtasach an trealamh iascaireachta atá i ndeireadh a ré ag na calafoirt rannpháirteacha, cinntíonn sí go ndéantar an trealamh sin a dhiúscairt go cuí agus ar bhealach nach bhfuil díobhálach, agus déanann sí gníomhaíochtaí múscailte feasachta. As na seacht gcalafort iascaireachta is mó sa Ghearmáin, tá ceithre cinn acu ina bpáirtithe sa chonradh.

Sa Fhrainc, tá comhlachas dar teideal Coopération maritime ag obair le táirgeoirí trealaimh iascaireachta ó 2019 chun scéim freagrachta leathnaithe táirgeora a chur chun feidhme faoi chomhaontú deonach. Tá sé mar aidhm ag údaráis na Fraince comhaontú a thabhairt i gcrích faoin 31 Nollaig 2024. Mura dtarlaíonn sé sin, tá sé i gceist acu an scéim freagrachta leathnaithe táirgeora a chur i bhfeidhm trí bhíthin rialála.

**70** Cuireann an Treoir maidir le plaistigh aon úsáide de cheangal freisin ar na Ballstáit sonraí maidir le trealamh iascaireachta ina bhfuil plaisteach agus atá curtha ar an margadh a thuairisciú don Choimisiún le haghaidh gach bliain féilire, agus é sin a dhéanamh laistigh de 18 mí ó dheireadh na bliana ar bailíodh na sonraí sin. Cuireann an treoir sin de cheangal ar na Ballstáit chomh maith dramhthrealamh iascaireachta a tógadh as an bhfarraige sa Bhallstát sin a thuairisciú don Choimisiún de réir na gcoinníollacha ama céanna. Ba í bliain féilire 2022 an chéad bhliain tuairiscithe. Maidir le sonraí margaidh comhdhlúite 2022 a bhí ceaptha a bheith tuairiscithe chuig an gCoimisiún ag na Ballstáit faoin 30 Meitheamh 2024, bhí fáil faoi dheireadh orthu i Samhain 2024.


## Chuir cistí ón Aontas tacaíocht ar fáil do thionscadail ábhartha, ach bhí deacrachtaí ag baint leis na torthaí a uas-scálú

**71** Is féidir roinnt ionstraimí AE éagsúla a úsáid chun maoiniú a chur ar fáil le haghaidh tionscadail a théann i ngleic le truailliú a thagann ó longa, faoi mar atá liostaithe anseo thíos.

- Clár LIFE – ar ionstraim chistiúcháin AE é a thugann tacaíocht do thionscadail chomhshaoil.
- An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh i dtréimhse bhuiséadach 2014-2020, agus a chomharba an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe i dtréimhse bhuiséadach 2021-2027, a thacaíonn le cur chun feidhme an chomhbheartais iascaigh agus Bheartas Muirí Comhtháite an Aontais.
- An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, a thacaíonn le trí thacar de bhonneagair thras-Eorpacha – fuinneamh, iompar agus inneachar digiteach.
- Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, a dhéanann comhar agus forbairt réigiúnach a chur chun cinn ar fud Bhallstáit éagsúla an Aontais agus i dtíortha comharsanacha. Tugann sé aghaidh, mar shampla, ar cheist na líonta iascaireachta mar fhoinse den phlaisteach san fharraige trí bhíthin thionscadail Interreg.
- Na cláir ar a dtugtar Fís 2020 le haghaidh 2014-2020 agus Fís Eorpach le haghaidh 2021-2027, a thacaíonn le taighde i laghdú an truaillithe mhuirí.
- An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, a chlúdaíonn freisin cómhaoiniú tionscadail coisc agus ullmhachta mar aon le próisis lánscála, agus baint acu sin go léir le truailliú muirí.

**72** D’iarramar ar na hardstiúrthóireachtaí ábhartha sa Choimisiún, ar na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus ar na Ballstáit ar thugamar cuairt orthu liosta a thabhairt dúinn de na tionscadail Eorpacha atá ag dul i ngleic le truailliú a thagann ó longa i bhfarraigí an Aontais ó 2014 go dtí 2023. Bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, chuir cistiú ón Aontas do thionscadail den sórt sin €216 mhilliún de mhaoiniú ar fáil i rith 2014-2023, go príomha chun feabhas a chur ar shaoráidí glactha dramhaíola sna calafoirt, ach freisin le haghaidh líonta iascaireachta a bhailiú agus le haghaidh taighde (féach *Fíor 15*). Níl an fhaisnéis sin iomlán, áfach, mar go bhfuaireamar go raibh tionscadail ábhartha eile ann, a bhí á gcistiú ag an Aontas, nach raibh curtha san áireamh i sonraí an Choimisiúin. Níor thug údaráis na Fraince agus na Gearmáine sonraí iomlána ach an oiread.

## Fíor 15 – Tionscadail AE a bhaineann le dul i ngleic le truailliú a thagann ó longa i bhfarraigí an Aontais, 2014-2023




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí arna soláthar ag an gCoimisiún Eorpach agus CINEA.

**73** Roghnaíomar dhá thionscadal Eorpacha i ngach aon cheann den dá Bhallstát ar thugamar cuairt orthu. In ainneoin go raibh rudaí áirithe bainte amach, níl sé léirithe ag na tionscadail sin go mbeidís in ann truailliú a thagann ó longa a laghdú ar scála mór (féach ***Iarscríbhinn VI***). Ní raibh forléargas cuimsitheach ag an gCoimisiún ná ag na Ballstáit ar na torthaí a bhí bainte amach ag tionscadail maidir le truailliú a thagann ó longa a bhí cistithe ag an Aontas.

## Tá teorainneacha ag gabháil le creat an Aontais chun faireachán a dhéanamh ar thruailliú a thagann ó longa

**74** Leis an Treoir maidir le Creat um Straitéis Mhuirí 2008 (TCSM), cuireadh de cheangal ar na Ballstáit straitéisí agus bearta, a bheadh comhordaithe go réigiúnach, a fhorbairt chun measúnú, bainistiú agus laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag gníomhaíochtaí an duine ar an muirthimpeallacht, lena n-áirítear truailliú a thagann ó longa. Bhí ar na Ballstáit cláir faireacháin a bhunú agus a chur chun feidhme a d'úsáidfí chun measúnú a dhéanamh ar stádas comhshaoil a gcuid uiscí mara, agus bhí orthu iad sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin ionas go bhféadfadh an Coimisiún a mheasúnú an raibh na cláir iomchuí chun dea-stádas comhshaoil a bhaint amach agus a choimeád ar bun.

**75** Scrúdaíomar an ndearna an Coimisiún agus na Ballstáit faireachán éifeachtach ar stádas comhshaoil fharraigí an Aontais Eorpaigh agus an ndearna siad torthaí inchomparáide a thuairisciú. Sheiceálamar an méid seo a leanas:

- an raibh na sonraí maidir le truailliú a thagann ó longa ar fáil agus iomlán;
- ar leag an Coimisiún critéir agus caighdeáin mhodheolaíochta síos a bheadh le húsáid chun measúnú a dhéanamh ar dhea-stádas comhshaoil fharraigí an Aontais, agus ar úsáid na Ballstáit iad agus ar chinntigh siad, trína bheith ag obair le chéile, go raibh na modheolaíochtaí measúnúcháin comhsheasmhach ar fud réigiún nó fo-réigiún muirí;
- an ndearna na Ballstáit a measúnú ar an dea-stádas comhshaoil ar leibhéal an réigiúin nó an fho-réigiúin mhuirí a thuairisciú don Choimisiún.

### Is beag faisnéis atá ann faoi éilliú an tsáile agus faoi bhruscar mara ó longa

**76** Cuireann TCSM de cheangal ar na Ballstáit a mhéid atá dea-stádas comhshaoil bainte amach acu a dhéanamh amach bunaithe ar 'thuairisceoirí' cáilíochtúla, lena n-áirítear tuairisceoir ar éilleáin (i.e. 'tuairisceoir 8') agus tuairisceoir ar bhruscar mara (i.e. 'tuairisceoir 10'). Cuireann TCSM de cheangal freisin ar na Ballstáit ionchur substaintí sa mhuirthimpeallacht ó fhoinsí sonracha, amhail longa, a laghdú.

**77** Clúdaíonn an tuairisceoir ar éilleáin 45 shubstaint ón Treoir maidir leis an gCreat Uisce chomh maith le roinnt éilleán eile a roghnaíodh ar leibhéal an Bhallstáit, e.g. trí chomhar réigiúnach. Ar an iomlán, ní chlúdaíonn sé sin ach codán beag bídeach de na 6 000 substaint atá ag seasamh do níos mó ná 99 % de mhéid iomlán na gceimiceán atá ar mhargadh tráchtála an domhain. Measann eolaithe gur fiú faireachán a dhéanamh ar éilleáin eile.

**78** Thuairiscigh an Coimisiún agus údaráis na mBallstát ar thugamar cuairt orthu gurb annamh is féidir an sciar d'éilleáin faoi fhaireachán a nascadh leis an bhfoinse mar – i gcás fhormhór na substaintí – go bhfuil go leor tosca ann a rannchuidíonn leis an truailliú (an tionscal, tomhaltóirí, ardáin ola, seanláithreacha dumpála, soithí agus tosca eile nach iad).

**79** Níl fios dáiríre cá mhéad bruscair mara a thagann ó longa. De réir mheastachán na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil, tagann 80 % den bhruscar mara ón talamh agus 20 % ón bhfarraige. I dTuarascáil Eorpach ar an gComhshaol maidir le hIompar Muirí 2025, tá an sciar bruscair a thagann as gníomhaíochtaí mara agus a fhaightear ar thránna an Aontais Eorpaigh cainníochtaithe ag EEA agus EMSA ag 16 %, lena n-áirítear 11.2 % de bhruscar ó 'iascach agus muirshaothrú' agus 1.8 % ó 'loingseoireacht'. Níl aon fhaisnéis chuimsitheach den sórt sin ann le haghaidh bruscar ar ghrinneall na farraige ná le haghaidh bruscar mara atá ar snámh.

**80** Is minic go mbíonn an fhaisnéis atá ar fáil maidir le bruscar mara agus éilleáin neamhiomlán nó as dáta. I ***bhFíor 1*** agus i ***bhFíor 2***, a thaispeánann stádas foriomlán an truaillithe i bhfarraigí an Aontais Eorpaigh, léirítear go bhfuil bearnaí sa bhailiú sonraí ar fud go leor limistéar. Bhí ar na Ballstáit tacar sonraí nua a ullmhú don tréimhse 6 bliana ó 2016 go dtí 2021 (a bhí ceaptha a bheith déanta faoi Dheireadh Fómhair 2024) agus bhí a gcuid tacar sonraí tuairiscithe ag cúig Bhallstát faoi Nollaig 2024.

## Rinne modheolaíocht agus tairseacha neamh-inchomparáide agus neamhiomlán difear don fhaireachán agus don tuairisciú

**81** Tháinig Cinneadh ón gCoimisiún maidir le dea-stádas comhshaoil 2017 in ionad Cinneadh 2010, agus bhí an Cinneadh nua ceaptha critéir agus caighdeáin mhodheolaíochta níos soiléire, níos simplí, níos gonta, níos comhsheasmhaí agus níos inchomparáide a leagan síos chun measúnú a dhéanamh ar dhea-stádas comhshaoil fharraigí an Aontais Eorpaigh. Déanann na Ballstáit, áfach, an cinneadh a léirmhíniú ar a mbealach féin, agus fágann sé sin go bhfuil éagsúlachtaí sa chur chuige agus go bhfuil bearnaí san eolas.

**82** Tá na measúnuithe ar éilleáin bunaithe ar a dtiúchaintí agus ar a n-éifeachtaí truaillitheacha. In 2019, thuairiscigh an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil go raibh tairseacha éagsúla fós in úsáid ag na Ballstáit chun tiúchaintí éilleán a mheasúnú.


**83** Níl aon sonraí comhsheasmhacha ann maidir leis na cainníochtaí bliantúla ola a dhoirteann longa isteach i bhfarraigí an Aontais Eorpaigh (mír ***43***). Ní thugtar sainmhíniú in TCSM ná in aon doiciméad ón gCoimisiún ar na leibhéil ag a ndéanfaí géartheagmhas truaillithe a mheas mar theagmhas 'suntasach'. In 2019, tar éis anailís a dhéanamh ar an tuairisciú a rinne na Ballstáit ar thruailleáin, chuir an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) i bhfáth go bhfuil gá le tuiscint choiteann ar na tairseacha íosta a úsáidtear chun doirteadh ola a thuairisciú chun críocha TCSM. Tá táscaire maidir le doirteadh ola ag HELCOM, mar aon le léarscáil de thimpistí long is cúis le truailliú i Muir Bhailt.

**84** Chomh fada is a bhaineann sé le substaintí ceimiceacha, is dhá chomhdhúil iad tríbhúitiolstán (TBT) agus ciobúitrín atá nasctha go soiléir le longa mar fhoinsí d'éilliú an tsáile. Mar sin féin, bhí bealaí éagsúla in úsáid ag na Ballstáit chun faireachán a dhéanamh ar an dá chomhdhúil sin i dtimthriall tuairiscithe TCSM, dar chríoch in 2018, féach ***Bosca 3***.

## Bosca 3

### Tuairisciú ar éilleáin áirithe a rinne na Ballstáit in 2018 faoi TCSM

Bhíodh TBT in úsáid i bpéinteanna frithscreamha loinge go dtí 2008, nuair a chuir rialachán ón Aontas agus an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Chórais Dhíobhálacha Frithsmálaithe ar Longa a Rialú (Coinbhinsiún AFS) d'oibleagáid ar gach long a bhí ag tabhairt cuairt ar chalafoirt san Aontas Eorpach a bheith saor ó TBT. Tá ciobúitrín toirmiscthe i gcórais frithscreamha ón 1 Eanáir 2023. Fuair JRC an iomad neamhréireachtaí san anailís a rinne na Ballstáit ar TBT agus ar chiobúitrín ina dtuairisciú in 2018 faoi TCSM: rinne 10 mBallstát tástáil ar TBT agus 4 Bhallstát tástáil ar chiobúitrín sa sáile, ach bhí Ballstáit eile ann a bhfuil cósta acu nár bhailigh na sonraí sin mar chuid dá bhfaireachán faoi TCSM. Cuireadh tairseach choiteann le haghaidh TBT i bhfeidhm sna Ballstáit sin a rinne anailís air, ach bhain na húdaráis náisiúnta úsáid as tairseacha éagsúla le haghaidh ciobúitrín.




© Tornero, V., Hanke, G., agus Líonra Saineolaithe TCSM maidir le Truailleáin, Truailleáin cheimiceacha muirí – tacaíocht do chomhchuibhiú chaighdeáin mhodheolaíochta D8 faoi TCSM, 2019.

**85** A mhéid a bhaineann le bruscar mara, tá tairseacha comhchosúla le haghaidh an fhaireacháin ar bhruscar na trá in úsáid anois ag Ballstáit an Aontais agus tá na tairseacha sin freisin i gcoinbhinsiún maidir le farraigí réigiúnacha OSPAR agus HELCOM (féach ***Iarscríbhinn IV***). Bíonn an stádas 'go maith' nuair is lú ná 20 píosa bruscair atá le fáil in aghaidh an 100 méadar de thrá. Níl aon tairseach chomhchuibhithe fós ann, áfach, do bhruscar mara ar ghrinneall na farraige agus tá modhanna éagsúla in úsáid faoi láthair chun faireachán a dhéanamh ar mhacrabhruscar atá ar snámh.

**86** Tá éagsúlacht ó réigiún muirí go chéile i dtréimhsí faireacháin TCSM le haghaidh bruscar mara. Rinne OSPAR measúnú ar an staid le haghaidh bhruscar na trá in Oirthuaisceart an Atlantaigh ó 2018 go dtí 2020, agus ar na treochtaí reatha ó 2015 go dtí 2020. Rinne HELCOM anailís ar an staid le haghaidh bhruscar na trá do thréimhse 2016-2021. Chuir an Coimisiún grúpa teicniúil le haghaidh bruscar mara ar bun agus rinne an grúpa sin nuashonrú ar an Treoraíocht le haghaidh faireachán ar bhruscar mara i bhfarraigí na hEorpa in 2023 chun faireachán faoi TCSM a chomhchuibhiú tuilleadh ar fud na mBallstát.

## Bearnaí agus neamhréireachtaí sna huirlisí le haghaidh tuairisciú

**87** Bailíonn na Ballstáit sonraí a bhaineann le stádas comhshaoil a gcuid farraigí. Déanann siad measúnuithe ginearálta ar an bhfuil dea-stádas comhshaoil bainte amach nó nach bhfuil agus roinneann siad na measúnuithe sin leis an gCoimisiún. Éascaíonn an Coimisiún an t-idirphlé idir saineolaithe náisiúnta, ach ní sheiceálann sé na sonraí foluiteacha ná an mhodheolaíocht a bhíonn in úsáid ag na húdaráis náisiúnta.

**88** Forálann TCSM do thuairisciú ar bhaint amach dea-stádais comhshaoil ar leibhéal mionsonraithe. D'fhoilsigh JRC cuid den fhaisnéis ar an leibhéal seo ina anailís ar thuarascálacha na mBallstát ó 2018, ach níor tháinig sé ar aon chonclúid fhoriomlán faoi dhea-stádas comhshaoil a bheith bainte amach ag Ballstát nó gan an dea-stádas sin a bheith bainte amach acu i gcás truailleán agus bruscar mara. Ní raibh sonraí ó na tuarascálacha ina dhiaidh sin (ó 2024) ar fáil nuair a rinneamarna ár n-iniúchóireacht.

**89** Bíonn ar na Ballstáit úsáid a bhaint as Reportnet, ardán ríomhthuairiscithe le haghaidh sonraí comhshaoil agus aeráide, nuair a bhíonn a dtuairisciú faoi TCSM á chur chuig an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil acu. Is féidir faisnéis a éilítear faoi TCSM a fháil i Lárstóras Sonraí Eionet, ar cuid d'ardán Reportnet é.

**90** Sa bhreis air sin, tá dhá uirlis de chuid an Aontais ann a chuireann faisnéis faoi thruailliú muirí ar fáil go poiblí.

- Is tairseach atá sa Chóras Faisnéise Uisce Muirí don Eoraip (WISE-Marine), arna óstáil ag an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, chun faisnéis a chomhroinnt maidir leis an muirthimpeallacht ar an leibhéal Eorpach. Taispeánann WISE-Marine sonraí a éilítear faoi TCSM atá tuairiscithe ag na Ballstáit ar Reportnet, chomh maith le sonraí ó fhoinsí eile.

- Is éard atá sa Líonra Breathnóireachta agus Sonraí Muirí Eorpach (EMODnet), arna chistiú agus arna bhainistiú ag an gCoimisiún, ná foinse de shonraí muirí, meiteashonraí agus táirgí sonraí gaolmhara.

**91** Fuaireamar i gcás cuid den fhaisnéis a bhí á taispeáint ar dheais WISE-Marine faoi an raibh dea-stádas comhshaoil bainte amach nó nach raibh, nach raibh an fhaisnéis sin ag freagairt i gcónaí do chuid de na measúnuithe eolaíochta a bhí déanta ag comhlachtaí náisiúnta nó ag JRC. Is amhlaidh a bhí, mar shampla, i gcás na Beilge agus na Fraince a mhéid a bhaineann le bruscar mara.

**92** In EMODnet, tugtar sonraí faoi bhruscar na trá atá bainte as tuairisciú de réir TCSM agus as foinsí eile, mar aon le sonraí faoi bhruscar ar ghrinneall na farraige ó ghníomhaíochtaí ina ndéantar trálaeireacht le haghaidh bruscair chomh maith le sonraí macrabhruscair, ach tá an méid atá clúdaithe ag na sonraí sin teoranta. Is féidir le geallsealbhóirí, amhail údaráis sna Ballstáit, sonraí muirí a ionchur in EMODnet ar bhonn deonach. Fágann nádúr neamh-éigeantach an tuairiscithe chuig EMODnet go bhfuil bearnaí ina chuid sonraí. I dtuarascáil cur chun feidhme TCSM 2020 agus i meastóireacht an Choimisiúin ar EMODnet a rinneadh in 2023, tarraingítear aird ar an bhfíoras nach raibh aon mhalartú córasach sonraí idir EMODnet agus WISE-Marine, agus moladh go ndéanfaí an fhaisnéis sa dá bhunachar sonraí sin a ailíniú agus a eagrú ar bhealach níos fearr.

# Conclúidí agus moltaí

**93** Ar an iomlán, fuaireamar go raibh feabhas ag teacht ar na rialacha Eorpacha a thugann aghaidh ar thruailliú a thagann ó longa, ach go raibh laigí sa chur chun feidhme agus san fhorfheidhmiú agus nach raibh na sonraí leordhóthanach chun torthaí a thomhas.

**94** Tá rialacha idirnáisiúnta tugtha isteach i reachtaíocht an Aontais, rud a rannchuidíonn lena bhforfheidhmiú go cuí gan beann ar na Ballstáit a bheith ina bpáirtithe i gcoinbhinsiúin IMO nó gan a bheith. Déanann an Coimisiún gníomh chun na bearnaí eile i rioscaí de thruailliú a líonadh i.e. ó longa a dhíchóimeáil agus a athchúrsáil, coimeádáin a chailltear ar muir, árthaí raice, muinisin fo-thoinn agus córais ghlantacháin gáis sceite (míreanna *19*-*40*).

**95** Fuaireamar gur chuir an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) uirlisí fóinteacha ar fáil do na Ballstáit chun dul i ngleic le truailliú a thagann ó longa, ach nár bhain na Ballstáit lánúsáid as na huirlisí sin. Tá teicneolaíocht ardfhorbartha in úsáid ag CleanSeaNet chun doirteadh féideartha ola a bhrath, ach níl acmhainneachtaí comhchosúla aige le haghaidh truailleáin eile. Níor sheiceáil na Ballstáit ach líon is lú ná leath na bhfoláireamh ó CleanSeaNet a bhí tionscanta ag satailítí, agus ba mhinic nár dheimhnigh siad arbh ann don truailliú le seiceálacha ar an láthair (míreanna *43*-*51*).

## Moladh 1 – Feabhas a chur ar fheidhmiú agus éifeachtacht uirlisí foláirimh truaillithe EMSA

Ba cheart don Choimisiún, le tacaíocht ó EMSA, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) treoirlínte a thabhairt do na Ballstáit i dtaobh gníomhaíochtaí atá le déanamh agus i dtaobh oibleagáidí maidir le tuairisciú a bhaineann le foláirimh CleanSeaNet;

(b) teicneolaíocht agus modheolaíocht a fhorbairt le haghaidh foláirimh i dtaobh truailleáin eile seachas ola; agus

(c) measúnú a dhéanamh ar iontaofacht na bhfoláireamh faoi thruailliú a dhéanann EMSA, agus féachaint an bhfuil gníomhaíochtaí na mBallstát mar fhreagairt do na foláirimh éifeachtach.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: 2027**

**96** Tá easnaimh fós i gcur chun feidhme agus forfheidhmiú na rialacha Eorpacha maidir le truailliú ó longa a sheiceáil agus a chosc. Bhí na cuairteanna a thug EMSA ar na Ballstáit idir 2012 agus 2022 ag díriú isteach ar an Treoir maidir le rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt. Is minic fós nach bhfuil na Ballstáit ag comhlíonadh a gcuid spriocrátaí le haghaidh cigireachtaí faoin Treoir maidir le saoráidí glactha calafoirt, agus bhí cuid de na Ballstáit nár shroich an tiomantas cigireachta atá leagtha síos sa Treoir maidir le rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt. Bhí éagsúlacht ó Bhallstát go chéile sa chaoi a ndearnadh pionóis nó smachtbhannaí a shainiú agus a chur i bhfeidhm (míreanna *52*-*63*)

## Moladh 2 – An faireachán ar sheiceálacha éigeantacha na mBallstát faoi threoracha AE a neartú

Ba cheart don Choimisiún, le tacaíocht ó EMSA, feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanann na Ballstáit tuairisciú ar a mhéid atá na ceanglais faoi threoracha AE á gcomhlíonadh acu a mhéid a bhaineann le seiceálacha a dhéanamh agus pionóis nó smachtbhannaí a cur i bhfeidhm, mar shampla trí na nithe seo a leanas a leagan síos: spriocdhátaí don tuairisciú; formáidí an tuairiscithe; agus táscairí.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: 2028**

**97** Ní raibh an Coimisiún ná na Ballstáit ar thugamar cuairt orthu in ann a thaispeáint go lánchruinn cad iad na méideanna as buiséad an Aontais a bhí in úsáid chun dul i ngleic le truailliú an tsáile san Aontas Eorpach. Ní raibh forléargas acu ar na torthaí a bhí bainte amach ná ar an gcaoi a bhféadfaí iad sin a úsáid ar scála níos mó (míreanna *71*-*73*).

## Moladh 3 – Obair leantach ar fhadhbanna san uas-scálú ar thionscadail atá cistithe ag an Aontas

Ba cheart don Choimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, obair leantach a dhéanamh ar fhadhbanna a bhaineann le huas-scálú a dhéanann difear do thionscadail atá á gcistiú ar an Aontas chun dul i ngleic le truailliú a thagann ó longa.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: 2026**

**98** Léirigh ár n-iniúchadh go bhfuil teorainneacha ag gabháil le creat an Aontais chun faireachán a dhéanamh ar thruailliú a thagann ó longa. Bhíothas in ann úsáid a bhaint as táscairí muirthimpeallachta a bhíonn sainithe ar leibhéal an Aontais (i.e. táscairí faoin Treoir maidir le Creat um Straitéis Mhuirí) chun truailliú a thagann ó longa a sheiceáil, ach is annamh is féidir leo éilliú muirí agus bruscar mara a nascadh leis an bhfoinse. Sa bhreis air sin, níl tairseacha agus modheolaíochtaí faireacháin comhchuibhithe go hiomlán i measc na mBallstát, agus dá thoradh sin tá difríochtaí ó Bhallstát go chéile san fhaireachán agus i dtuairisciú na dtorthaí. Fuaireamar go raibh bearnaí agus neamhréireachtaí freisin sna hardáin a bhíonn ag tuairisciú sonraí ar cháilíocht an tsáile, rud a bhaineann an bonn óna n-iontaofacht (míreanna *76*-*92*).

## Moladh 4 – Feabhas a chur ar an tuairisciú agus ar an bhfaireachán a dhéantar ar stádas comhshaoil na n-uiscí mara

Ba cheart don Choimisiún feabhas a chur ar an gcomhchuibhiú ar fhaireachán agus tuairisciú na n-éilleán agus an bhruscair mara, agus é sin a dhéanamh ar leibhéal na mBallstát eatarthu féin agus ar leibhéal an Choimisiúin. Áirítear leis sin, rochtain a thabhairt ar shonraí foluiteacha inchomparáide ionas gur fearr a fhéadfar an dul chun cinn i riocht na muirthimpeallachta a thomhas.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: 2027**

Is é Seomra I, faoi cheannas Joëlle Elvinger (Comhalta den Chúirt Iniúchóirí), a ghlac an tuarascáil seo i Lucsamburg ag an gcruinniú a bhí aige an 15 Eanáir 2025.

*Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí*

Tony Murphy
*An tUachtarán*

# Iarscríbhinní

## Iarscríbhinn I – Tuarascálacha na Cúirte Iniúchóirí ar thruailliú a thagann ón talamh

Tuarascáil speisialta 02/2025: 'Truailliú uirbeach san Aontas Eorpach – Tá aer níos glaine sna cathracha, ach tá an iomarca torainn fós iontu'

Athbhreithniú 02/2023: 'Gníomhaíochtaí an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an méadú atá ag teacht ar dhramhaíl ghuaiseach'

Tuarascáil speisialta 12/2021: 'An prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as – Cur i bhfeidhm neamhréireach beartas agus gníomhaíochtaí comhshaoil an Aontais'

Athbhreithniú 04/2021: 'Gníomhaíochtaí agus dúshláin an Aontais atá ann cheana maidir le dramhaíl leictreonach'

Tuarascáil speisialta 05/2020: 'Úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí – Dul chun cinn teoranta maidir le rioscaí a thomhas agus a laghdú'

Athbhreithniú 04/2020: 'Gníomhaíocht an Aontais chun dul i ngleic le saincheist na dramhaíola plaistí'

## Iarscríbhinn II – An phríomhreachtaíocht idirnáisiúnta a thugann aghaidh ar thruailliú a thagann ó longa

- Déileálann Coinbhinsiún Londain (1972) le truailliú muirí trí dhramhaíl agus ábhar eile a dhumpáil san fharraige a chosc. Mar chomhlánú ar an gCoinbhinsiún sin eisíodh Prótacal a ghabhann leis in 1996.

- Sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL) (1973) agus sa Phrótacal ó 1978 a ghabhann leis, leagtar amach rialacháin agus caighdeáin chun truailliú ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear ola, ceimiceáin, camras, dramhaíl agus astaíochtaí aeir, a rialú.

- Déileálann an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (SOLAS) (1974) le sábháilteacht longa trádála trí íoschaighdeáin a shonrú le haghaidh tógáil, feistiú agus oibriú na long sin.

- Sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Chórais Dhíobhálacha Frithsmálaithe ar Longa a Rialú (Coinbhinsiún AFS) (2001), toirmisctear úsáid a bhaint as orgánastáin dhíobhálacha i bpéinteanna frithscreamha a úsáidtear ar longa.

- Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá rialacha leagtha síos i gCoinbhinsiún Nairobi (2007) maidir le hárthaí raice a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh don mhuirthimpeallacht a thógáil as an bhfarraige.

- I gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Hong Cong maidir le hAthchúrsáil Long ar Bhealach Sábháilte agus Neamhdhíobhálach don Chomhshaol (2009), clúdaítear oibriú saoráidí athchúrsála long ar bhealach atá sábháilte agus neamhdhíobhálach don chomhshaol.

## Iarscríbhinn III – An phríomhreachtaíocht Eorpach a thugann aghaidh ar thruailliú a thagann ó longa

- Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus maidir le pionóis ar sháruithe a thabhairt isteach, tá sé de chuspóir aici caighdeáin idirnáisiúnta le haghaidh truailliú a thagann ó longa a thabhairt isteach i ndlí an Aontais agus a chinntiú go gcuirtear pionóis leormhaithe, lena n-áirítear pionóis choiriúla, orthu siúd atá freagrach as substaintí truaillitheacha a scaoileadh amach san fharraige. Amhail ó 2024, tá pionóis choiriúla as truailliú a thagann ó longa clúdaithe ag Treoir (AE) 2024/1203 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil.

- Treoir 2008/56/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí.

- I dTreoir 2009/16/CE maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt, leagtar síos critéir choiteanna le haghaidh rialú ar longa ag stát an chalafoirt agus leagtar síos nósanna imeachta comhchuibhithe maidir le cigireacht agus coinneáil.

- I dTreoir 2009/18/CE maidir le himscrúdú tionóiscí muirí, leagtar síos na bunphrionsabail le haghaidh tionóiscí in earnáil an mhuiriompair a imscrúdú.

- Is é atá mar aidhm le Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais stát brataí a chomhlíonadh ná truailliú ó longa atá cláraithe faoi bhratach Bhallstáit a chosc.

- I dTreoir (AE) 2019/883 maidir le saoráidí glactha calafoirt, cuirtear de cheangal ar Bhallstáit saoráidí a bhunú ag calafoirt ina nglactar isteach le cineálacha éagsúla dramhaíola a bhíonn ginte ag longa, lena n-áirítear iarmhair ola, dramhaíl, camras agus iarmhair lastais.

- Treoir (AE) 2019/904 maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol.

- Le Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 bunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (ESMA) chun leibhéal ard, aonfhoirmeach agus éifeachtach de shábháilteacht mhuirí a áirithiú agus chun truailliú ó longa a chosc san Aontas Eorpach.

- Is é atá mar chuspóir ag Rialachán (CE) Uimh. 782/2003 maidir le toirmeasc ar chomhdhúile orgánastáin ar longa ná an díobháil don mhuirthimpeallacht agus do shláinte an duine a chruthaíonn comhdhúile orgánastáin a úsáidtear mar bhithicídí gníomhacha i gcórais frithscreamha a bhíonn in úsáid ar longa a laghdú nó a dhíothú.
- Is é atá mar chuspóir ag Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 maidir le hathchúrsáil long ná a chinntiú go ndéantar bainistíocht fhónta chomhshaoil ar dhramhaíl ghuaiseach a thagann ón athchúrsáil sin.

# Iarscríbhinn IV – Sásraí comhair iltaobhacha

| *Ballstáit an Aontais* | Coinbhinsiún Barcelona *An Mheánmhuir* | Comhaontú Bhonn *An Mhuir Thuaidh* | Coinbhinsiún Bhúcairist *An Mhuir Dhubh* | Comhaontú Chóbanhávan *Na tíortha Nordacha* | Coinbhinsiún Heilsincí (HELCOM) *Muir Bhailt* | Comhaontú Liospóin *An tAtlantach Thoir Thuaidh* | Coinbhinsiún OSPAR *An tAtlantach Thoir Thuaidh* | Meabhrán Comhthuisceana Pháras |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Bheilg | | ● | | | | | ● | ● |
| An Bhulgáir | | | ● | | | | | ● |
| An Danmhairg | | ● | | ● | ● | | ● | ● |
| An Ghearmáin | | ● | | | ● | | ● | ● |
| An Eastóin | | | | | ● | | | ● |
| Éire | | ● | | | | | ● | ● |
| An Ghréig | ● | | | | | | | ● |
| An Spáinn | ● | ● | | | | ● | ● | ● |
| An Fhrainc | ● | ● | | | | ● | ● | ● |
| An Chróit | ● | | | | | | | ● |
| An Iodáil | ● | | | | | | | ● |
| An Chipir | ● | | | | | | | ● |
| An Laitvia | | | | | ● | | | ● |
| An Liotuáin | | | | | ● | | | ● |
| Lucsamburg | | | | | | | ● | |
| Málta | ● | | | | | | | ● |
| An Ísiltír | | ● | | | | | ● | ● |
| An Pholainn | | | | | ● | | | ● |
| An Phortaingéil | | | | | | ● | ● | ● |
| An Rómáin | | | ● | | | | | ● |
| An tSlóivéin | ● | | | | | | | ● |
| An Fhionlainn | | | | ● | ● | | ● | ● |
| An tSualainn | | ● | | ● | ● | | ● | ● |
| An tAontas Eorpach | ● | ● | Breathnóir | ● | ● | ● | ● | Seasamh comhpháirteach an Aontais* |
| An Albáin | ● | | | | | | | |
| An Ailgéir | ● | | | | | | | |
| An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin | ● | | | | | | | |
| Ceanada | | | | | | | | ● |
| An Éigipt | ● | | | | | | | |
| An tSeoirsia | | | ● | | | | | |
| An Íoslainn | | | | ● | | | ● | ● |
| Iosrael | ● | | | | | | | |
| An Liobáin | ● | | | | | | | |
| An Libia | ● | | | | | | | |
| Monacó | ● | | | | | | | |
| Montainéagró | ● | | | | | | | ● |
| Maracó | ● | | | | | ● | | |
| An Iorua | | ● | | ● | | | ● | ● |
| An Rúis | | | ● | | ● | | | ar fionraí |
| An Eilvéis | | | | | | | ● | |
| An tSiria | ● | | | | | | | |
| An Túinéis | ● | | | | | | | |
| An Tuirc | ● | | ● | | | | | |
| An Úcráin | | | ● | | | | | |
| An Ríocht Aontaithe | | ● | | | | | ● | ● |

* Cinneadh (AE) 2020/722 ón gComhairle (OJ L 171, 2.6.2020, lgh. 4-5).

*Foinse:* CIE.

# Iarscríbhinn V – Mar atá formhór choinbhinsiúin agus phrótacail ábhartha IMO a thugann aghaidh ar thruailliú a thagann ó longa daingnithe ag Ballstáit an Aontais, mar aon leis na figiúirí iomlána

| Amhail an 30 Meán Fómhair 2024 | | IMO Coinbhinsiún 1948 | SOLAS Prótacal 1978 | SOLAS Prótacal 1978 | SOLAS Prótacal 1988 | SOLAS Comhaontú 1996 | MARPOL 1973/78 (Iarscríbhinn I/II) | MARPOL 1973/78 (Iarscríbhinn III) | MARPOL 1973/78 (Iarscríbhinn IV) | MARPOL 1973/78 (Iarscríbhinn V) | MARPOL Prótacal 1997 (Iarscríbhinn VI) | Coinbhinsiún Londan 1972 | Coinbhinsiún Londan Prótacal 96 | HNS Coinbhinsiún 1996 | HNS PROT 2010 | FRITHSCREAMHADH 2001 | UISCE BALLASTA 2004 | WRC NAIROBI 2007 | Coinbhinsiún Hong Cong |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Bheilg | 15 | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | | ● | ● | ● | ● |
| An Bhulgáir | 14 | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | | ● | ● | ● | |
| An tSeicia* | 8 | ● | ● | ● | | | ● | ● | ● | ● | ● | | | | | | | | |
| An Danmhairg | 17 | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● |
| An Ghearmáin | 16 | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | | ● | ● | ● | ● |
| An Eastóin | 16 | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | ● | | ● | ● | ● | ● | ● |
| Éire | 14 | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | | ● | ● | | |
| An Ghréig | 12 | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | | | ● | ● | | |
| An Spáinn | 14 | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | | ● | ● | | ● |
| An Fhrainc | 16 | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● |
| An Chróit | 14 | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | | | ● | ● | ● | ● |
| An Iodáil | 12 | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | | ● | | | |
| An Chipir | 14 | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | ● | | ● | ● | ● | |
| An Laitvia | 12 | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | | | | ● | ● | | |
| An Liotuáin | 12 | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | | | ● | | ● | ● | | |
| Lucsamburg* | 14 | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | | ● | | ● | ● |
| An Ungáir* | 10 | ● | ● | ● | | | ● | ● | ● | ● | | ● | | ● | | ● | | | |
| Málta | 14 | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | | | ● | ● | ● | ● |
| An Ísiltír | 16 | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | | ● | ● | ● | ● |
| An Ostair* | 7 | ● | ● | ● | | | ● | ● | ● | ● | | | | | | | | | |
| An Pholainn | 13 | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | | | ● | ● | | |
| An Phortaingéil | 14 | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | | | ● | ● | ● | ● |
| An Rómáin | 11 | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | | | | | ● | | ● | |
| An tSlóivéin | 13 | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | ● | | | |
| An tSlóvaic* | 10 | ● | ● | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | | | | ● | | | | |
| An Fhionlainn | 15 | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | | ● | ● | ● | |
| An tSualainn | 15 | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | | ● | ● | ● | |
| Ballstáit AE a bhfuil cósta acu | | 22 | 22 | 22 | 22 | 9 | 22 | 22 | 22 | 22 | 22 | 18 | 13 | 3 | 3 | 22 | 19 | 14 | 10 |
| Ballstáit AE | | 27 | 27 | 27 | 24 | 9 | 27 | 27 | 27 | 27 | 25 | 20 | 14 | 4 | 4 | 24 | 19 | 15 | 11 |

* Tíortha talamhiata

*Foinse:* CIE.

## Iarscríbhinn VI – Tionscadail a roghnaíodh sna Ballstáit ar thugamar cuairt orthu

<table>
<tr><th>Cuspóirí</th><th>An méid atá bainte amach</th></tr>
<tr><td colspan="2">Tionscadal INDIGO, Interreg – an Fhrainc/Sasana, €2.9 milliún</td></tr>
<tr><td>Truailliú plaisteach muirí ón iascaireacht agus ó ghníomhaíochtaí dobharshaothraithe a laghdú tríd an méid seo a leanas:<br>o an chéad trealamh iascaireachta in-bhithdhíghrádaithe i bhfarraigí an Aontais a fhorbairt<br>o a fháil amach cá bhfuil trealamh iascaireachta atá caillte cheana féin, agus feabhas a chur ar athchúrsáil trealaimh iascaireachta atá i ndeireadh a ré</td><td>Tríd an gcistiú ón Aontas, bhíothas in ann fréamhshamhail d’eangach diúilicíní in-bhithdhíghrádaithe a fhorbairt. Ní raibh sé indéanta an táirgeacht a thabhairt chun cinn go dtí scála tionsclaíochta mar nach raibh earnálacha struchtúrtha ann chun trealamh iascaireachta a bhailiú agus a athchúrsáil, agus mar nach raibh bonn tionsclaíoch ann ina raibh saineolas i ndéanamh eangach.</td></tr>
<tr><td colspan="2">Tionscadal FIRENOR, an Fhrainc, EMFF, €57 000</td></tr>
<tr><td>o staidéar a dhéanamh ar cé chomh hindéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch a bheadh earnáil athchúrsála le haghaidh trealamh iascaireachta réchaite sa Normainn<br>o príomhtháscairí a chur ar fáil chun freagracht leathnaithe táirgeora as trealamh iascaireachta ar an leibhéal náisiúnta a bhunú</td><td>Bhailigh FIRENOR 26 thona de dhramhthrealamh iascaireachta i dtrí chalafort sa Normainn a roghnaíodh ar bhonn píolótach. Nuair a tháinig deireadh le FIRENOR, stop calafort amháin de bheith ag bailiú trealamh iascaireachta, lean ceann eile de bheith ag bailiú trealamh iascaireachta agus is eangacha mionmhogallacha amháin atá fós á mbailiú ag an tríú calafort, rud a bhí á dhéanamh ag an gcalafort sin cheana féin sular thosaigh tionscadal FIRENOR.</td></tr>
</table>

| Cuspóirí | An méid atá bainte amach |
|---|---|
| Tionscadal HISEA: 8 gcomhpháirtí as 8 dtír; Fís 2020; costas iomlán: €2.4 milliún, ranníocaíocht AE: €1.9 milliún | |
| Seirbhísí nua iartheachtacha bunaithe ar Copernicus a fhorbairt trína ndéanfaí faireachán mara agus talún Copernicus, lena n-áirítear foláirimh faoi thruailliú, mar aon le seirbhísí don athrú aeráide, sonraí faireacháin áitiúla agus samhaltú ardfhorbartha a shníomh isteach i seirbhís chomhtháite a thabharfadh luach breise d'úsáideoirí sonraí féideartha Copernicus. | Ag éirí as an tionscadal sin, cruthaíodh ardán atá fós gníomhach agus atá in úsáid ag calafoirt (sa Phortaingéil agus sa Bhrasaíl). Bhain sé úsáid freisin as tionscadal UNITED chomh maith le tionscadal ULTFARMS (a bhí cómhaoinithe faoi Fhís Eorpach). |
| Tionscadal SEACLEAR: 8 gcomhpháirtí as 5 thír; Fís 2020; costas iomlán / ranníocaíocht AE: €5.0 milliún | |
| Róbait uathrialaitheacha a fhorbairt chun cainníochtaí beaga smionagair atá faoin uisce a bhailiú trí úsáid a bhaint as córais mhapála, aicmiúcháin agus bhailiúcháin. Bhí SeaClear ag díriú isteach go sonrach ar chóras oibre measctha a chur ar bun ina mbeadh árthaí gan foireann, ag úsáid árthaí fo-thoinn, árthaí dromchla agus aerárthaí, chun dramhaíl a aimsiú agus a bhailiú ó ghrinneall na farraige. | Bhí an tionscadal fós ar siúl nuair a thugamar cuairt air: ní raibh fáil ar an tuairisciú críochnaitheach agus ní raibh an taisealbhadh críochnaitheach le déanamh go dtí achar gearr roimh dheireadh 2023. Fuair úinéir an tionscadail go raibh dúshláin ann, go háirithe a mhéid a bhain le comhéadain, aithint íomhánna (cáilíocht na mbraiteoirí, dromchla uisce frithchaiteach), cáblaí sonraí agus cumhachta (e.g. go bhféadfadh an ghaoth agus feachtaí mara cur isteach orthu), aimsiú dramhaíola, uathrialaitheacht na bhfearas agus aonchineálacht na limistéar oibríochtúlachta. |

# Acrainmneacha agus giorrúcháin

**EEA:** An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil

**EMSA:** An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí

**HELCOM:** An Coimisiún chun Muirthimpeallacht Mhuir Bhailt a Chosaint, ar a dtugtar Coimisiún Heilsincí freisin.

**IMO:** An Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta.

**JRC:** An tAirmheán Comhpháirteach Taighde

**LIFE:** An Ionstraim Airgeadais don Chomhshaol (*L'Instrument Financier pour l'Environnement*)

**MARPOL:** An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc

**OSPAR:** An Coinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh

**RSC:** Rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt

**SGC:** Saoráidí glactha calafoirt

**TBT:** Tríbhúitiolstán

**TCSM:** Treoir maidir le Creat um Straitéis Mhuirí

**TL:** Truailliú a thagann ó longa

# Freagraí ón gCoimisiún

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2025-06

# Amlíne

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2025-06

# An fhoireann iniúchóireachta

I dtuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistiú i dtaobh réimsí buiséadacha sonracha. Roghnaíonn agus dearann an Chúirt Iniúchóirí na tascanna iniúchóireachta sin a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu trí bhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíontacht, ar leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais lena mbaineann, ar fhorbairtí atá ar na bacáin agus ar an leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchóireachta I – Úsáid Inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha, atá faoi cheannas Joëlle Elvinger (Comhalta den Chúirt), a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Rinneadh an iniúchóireacht faoi stiúir Nikolaos Milionis (Comhalta den Chúirt) agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Kristian Sniter (Ceann na hOifige Príobháidí), Katarzyna Radecka-Moroz (Ataisé na hOifige Príobháidí), Emmanuel Rauch (Príomh-Bhainisteoir), Jan Huth (Leas-Cheann Cúraim) agus Monika Dedicova (Iniúchóir). Thug Stamatis Kalogirou agus Viktor Popov tacaíocht anailíse. Thug Jennifer Schofield agus Laura McMillan tacaíocht teanga.




*Ó chlé go deas:* Viktor Popov, Kristian Sniter, Emmanuel Rauch, Nikolaos Milionis, Monika Dedicova, Jan Huth.

# CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2025

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine a bhaineann athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte, nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

Má táthar ag iarraidh ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé go gcaithfí cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Fíor 1 – © EEA, Éilliú fharraigí na hEorpa, arna fhoilsiú in 2019 ag úsáid sonraí go príomha ó 2008 go 2017, ach ag úsáid sonraí níos sine freisin a rinneamar a rochtain an 21 Samhain 2024. (Léarscáil modhnaithe ag CIE).

Fíor 2 – © EEA, Measúnú ar bhruscar mara i ngach ceann de na ceithre fharraige réigiúnacha, 2010-2021, arna fhoilsiú in 2023 agus arna rochtain an 21 Samhain 2024. (Léarscáil modhnaithe ag CIE.)

Fíor 3 – Deilbhíní na gcoimeadán, cruth loinge – © Adobe Stock: Flash Vector; photoplotnikov; ONYXpri.

Fíor 8 – © HELCOM – Seirbhís léarscáileanna agus sonraí. Tacar sonraí: árthaí raice guaiseacha i Muir Bhailt, arna nuashonrú go deireanach an 22 Meitheamh 2023.

Fíor 9 – © OSPAR – Córas Bainistithe Sonraí agus Faisnéise (tacar sonraí: Cásanna inar thángthas trasna ar mhuinisin 1999-2021) agus © HELCOM – Seirbhís léarscáileanna agus sonraí (tacair sonraí: Dumpthaiscí arm ceimiceach i Muir Bhailt agus léarscáil

Bhord Sábháilteachta Ordanáis Mhuir Bhailt maidir leis na rioscaí go dtiocfaí trasna ar mhianaigh farraige ón gCéad agus Dara Cogadh Domhanda ar ghrinneall na farraige).

Fíor 11 – © EMSA (2023) – Seirbhísí RPAS a seachadadh d'údaráis na Fraince. (Pictiúr curtha isteach ag CIE in íochtar ar dheis.)

Fíor 12 – © EMSA, na seirbhísí oibríochtúla a bhí beartaithe faoi dheireadh 2024.

Bosca 3 – © Tornero, V., Hanke, G., agus Líonra Saineolaithe TCSM maidir le Truailleáin, Truailleáin cheimiceacha muirí – tacaíocht do chomhchuibhiú chaighdeáin mhodheolaíochta D8 faoi TCSM, 2019.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin institiúideacha an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

**Úsáid lógó CIE**

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| HTML | ISBN 978-92-849-4571-9 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/1420136 | QJ-01-25-013-GA-Q |
| PDF | ISBN 978-92-849-4572-6 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/4693196 | QJ-01-25-013-GA-N |

# MODH TAGARTHA

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, Tuarascáil speisialta 06/2025: 'Gníomhaíocht an Aontais chun dul i ngleic le truailliú na farraige ag longa – Nílimid tagtha slán as na huiscí suaite fós', Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

Tá sé mar uaillmhian ag an Aontas Eorpach leibhéal nialasach de thruailliú uisce a bhaint amach faoi 2030. Dá réir sin, rinneamar measúnú ar ghníomhaíochtaí an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar thruailliú an tsáile mar gheall ar longa. Ar an iomlán, tá feabhas tagtha ar rialacha an Aontais ach bhí laigí sa chur chun feidhme agus níor leor na sonraí chun torthaí a thomhas.

Cé gur fhorbair an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí uirlisí fóinteacha, níor bhain na Ballstáit lánúsáid as na huirlisí sin. Ba mhinic nár chomhlíon siad na spriocanna éigeantacha atá leagtha síos dóibh ó thaobh cigireachtaí a dhéanamh ar longa. Níorbh ann d'aon fhorléargas ar na torthaí atá bainte amach ag tionscadail atá cistithe ag an Aontas ná ar na roghanna atá ar fáil chun uas-scálú a dhéanamh. Ar deireadh, ní raibh an faireachán ar thruailliú a thagann ó longa leormhaith.

Is é atá mar aidhm ag ár gcuid moltaí ná na huirlisí foláirimh truaillithe a dhéanamh níos éifeachtaí, an faireachán ar spriocanna le haghaidh cigireachtaí long a neartú, feabhas a chur ar an tionchar atá ag cistiú ón Aontas agus truailliú an tsáile a thomhas ar bhealach níos fearr.

Tuarascáil speisialta ón gCúirt Iniúchóirí de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUCSAMBURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/ga/contact
Suíomh Gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors